Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2024
(OR. en)**

**7436/24**

**RC 8**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 115 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN<br>Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 115 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 115 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2024
COM(2024) 115 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**

**Tuarascáil ar an mBeartas Iomaíochta 2023**

{SWD(2024) 53 final}

## Clár Ábhar


1. Réamhrá ..... 3

2. Na rialacha Státchabhrach agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun éifeachtaí diúltacha suaití seachtracha eacnamaíocha a mhaolú ..... 5

2.1. An Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe ..... 5

2.2. Cuireadh i gcrích céimniú amach an Chreata Shealadaigh Covid um Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ráig COVID- 19 ..... 6

2.3. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme ..... 6

3. A áirithiú go bhfanfaidh rialacha iomaíochta oiriúnach don todhchaí – Dul chun cinn ar an gclár oibre fairsing beartais ..... 7

3.1. Rialacha agus treoraíocht maidir le cumaisc agus in aghaidh trustaí a thabhairt cothrom le dáta ..... 7

Glacadh rialacha maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair ..... 7

Síneadh curtha leis an Rialachán Blocdhíolúine maidir le Mótarfheithiclí ..... 8

Glacadh an phacáiste shimplithe maidir le cumaisc ..... 9

Glacadh treoirlínte maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta sa talmhaíocht ..... 9

Gan aon síneadh ar an mblocdhíolúine le haghaidh cuibhreannais loingseoireachta línéir ..... 10

Tús curtha leis an ullmhú le haghaidh Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE ..... 10

Leanadh den mheastóireacht ar Rialachán 1/2003 ..... 11

Meastóireacht ar na rialacha maidir le comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta ..... 11

3.2. Rialacha agus treoraíocht maidir le státchabhair a thabhairt cothrom le dáta ..... 11

Leasú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ..... 11

Glacadh rialacháin ginearálta de minimis athbhreithnithe ..... 12

Glacadh rialacháin de minimis SGEI athbhreithnithe ..... 13

Glacadh rialacha athbhreithnithe maidir le státchabhair sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, agus dobharshaothraithe ..... 13

Glacadh cóid dea-chleachtas maidir le IPCEI ..... 14

An Fóram Comhpháirteach Eorpach um Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne ..... 14

Glacadh Treoirlínte Léirmhínitheacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1370/2007 ..... 15

Meastóireachtaí ..... 15

4. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta le príomhthosaíochtaí an Choimisiúin ..... 15

4.1. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach ..... 15

Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach ....... 16
Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach ....... 18
Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú digiteach agus le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair ....... 22
4.2 Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú glas ....... 24
Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú glas ....... 24
Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú glas ....... 25
Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú glas ....... 25
4.3. Chuidigh beartas iomaíochta le geilleagar a fhóireann do dhaoine ....... 27
Rannchuidiú bheartas iomaíochta an Aontais leis an nuálaíocht agus leis an gcothroime maidir le híocaíochtaí ....... 27
*Forfheidhmiú in aghaidh trustaí sna hearnálacha seirbhísí airgeadais agus árachais* ....... 28
*Forfheidhmiú cumasc san earnáil seirbhísí airgeadais* ....... 29
Forfheidhmiú státchabhrach san earnáil seirbhísí airgeadais ....... 29
Státchabhair san árachas ....... 30
Státchabhair i ráthaíochtaí poiblí ....... 30
5. Tháinig uirlisí comhlántacha nua an Mhargaidh Aonair i bhfeidhm ....... 31
5.1. An Gníomh um Margaí Digiteacha ....... 31
5.2. An Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ....... 33
6. Tionchar an bheartais státchabhrach ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais ....... 35
*6.1 Pictiúr foriomlán d’eisíoc státchabhrach de chabhair ghéarchéime agus neamh-ghéarchéime in 2022* ....... 37
*6.2 Úsáid ríthábhachtach fhaichilleach státchabhrach le linn géarchéimeanna* ....... 44
*6.3 An t- aistriú digiteach agus an t- aistriú glas agus tosaíochtaí eile an Aontais a shaothrú* ....... 48
*6.4 Margadh Aonair dea-fheidhmiúil a chosaint ar mhaithe le geilleagar iomaíoch san Aontas* ... 51
7. Tionchar an fhorfheidhmithe iomaíochta ar chustaiméirí a thomhas ....... 52
8. Modhanna oibre Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta a nuachóiriú chun freastal ar riachtanais forfheidhmithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ....... 54
8.1. Réitigh dhigiteacha ghnó ....... 54
8.2. Anailís ar shonraí agus teicneolaíocht ....... 54
8.3. Neartú na huirlise sceithireachta ....... 55
9. Abhcóideacht agus for-rochtain lena dtacaítear leis an mbeartas iomaíochta agus le forfheidhmiú 55

10. An beartas iomaíochta i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda .... 56
10.1 Cur le chéile chun cultúr iomaíochta Eorpach agus domhanda a chruthú .... 56
Comhtháthú beartais tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta .... 56
Idirphlé idirinstitiúideach leanúnach cuiditheach .... 57
10.2. Comhar maidir le beartas iomaíochta ar fud an domhain .... 57
Caidreamh iltaobhach .... 57
Caidreamh déthaobhach .... 57

# 1. Réamhrá

Díríonn an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) an Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochta 2023 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Tugtar tuairisc ann ar na príomhfhorbairtí i mbeartas iomaíochta an Aontais agus i bhforfheidhmiú an bheartais sin le linn 2023.

Bliain dhúshlánach eile don Aontas ba ea 2023. Le cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus teannais gheopholaitiúla atá ag dul i méid, meabhraíodh dúinn arís a idirnasctha atá an domhan, go háirithe i gcás an Aontais Eorpaigh agus na dtíortha comharsanachta. Rinne an Coimisiún beart tapa diongbháilte, lena n- áirítear bearta státchabhrach, chun na héifeachtaí diúltacha ar gheilleagar an Aontais de dheasca na n- imeachtaí sin a mhaolú.

Ba ann d'fhorbairtí dearfacha in 2023 freisin, go háirithe go raibh teacht aniar i ngeilleagar an Aontais ó thaobh thionchar fhogha leanúnach na Rúise faoin Úcráin de. Faoi dheireadh 2023, tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh san Aontas faoi bhun a mbuaicphointe in 2022. Bhí beartas iomaíochta an Aontais ar cheann den líon mór uirlisí a úsáideadh go rathúil le haghaidh na freagartha leanúnaí ar ghéarchéimeanna agus an téarnaimh eacnamaíoch, agus chun na haistrithe glasa agus digiteacha a sholáthar.

Chuir an réabhlóid dhigiteach le raon domhanda gnóthas, ní hamháin i gcás na mórchuideachtaí teicneolaíochta, ach le haghaidh gach aon chuideachta. Spreagann an digitiú an fás eacnamaíoch ar fud gach earnála eacnamaíche. Mar sin féin, cruthaítear dúshláin nua le haghaidh lucht forfheidhmithe na hiomaíochta mar thoradh ar mhearfhorbairtí sa mhargadh. Ceann de na dúshláin is mó atá roimh an gCoimisiún – san fhorfheidhmiú in aghaidh trustaí agus i bhforfheidhmiú an rialaithe cumasc araon – is ea conas margaí ábhartha a shainiú i gcás forbairtí dinimiciúla i margaí. Is ar an gcúis sin ar lean an Coimisiún den obair ar Fhógra nua maidir le Sainiú Margaidh in 2023. Mar thoradh ar na forbairtí agus na dúshláin sin sa mhargadh freisin, sheol an Coimisiún meastóireacht ar a chumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta le haghaidh fhorfheidhmiú Airteagail 101 agus 102 CFAE in 2022 mar a leagtar amach i Rialachán 1/2003[1]. Leanadh den obair sin in 2023. Tá Treoirlínte nua á ndréachtú ag an gCoimisiún freisin maidir le mí-úsáidí eisiatacha ceannasachta faoi Airteagal 102 CFAE.

Is tábhachtaí ná riamh dlúthchomhar idir údaráis iomaíochta i ndlínsí éagsúla. I mí na Samhna 2023, d'ordaigh an Coimisiún do *Illumina* éadáil *GRAIL*[2], ar cuideachtaí ó na Stáit Aontaithe iad araon, a chur ar ceal. D'fhan an Coimisiún i ndlúth-theagmháil le Coimisiún Feidearálach Trádála na Stát Aontaithe i rith an cháis ar fad mar bhí ábhair imní chosúla aige maidir leis an iomaíocht.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 1, 4.1.2003, lch. 1.

[2] Cás M.10939 – *Illumina/GRAIL.*

Cruthaíodh dúshláin don bheartas státchabhrach de dheasca treochtaí domhanda agus polaitiúla freisin. Agus é ag cur leis an gCreat Sealadach Géarchéime[3], ghlac an Coimisiún an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe (TCTF)[4] chun bearta tacaíochta a chur san áireamh freisin in earnálacha atá ríthábhachtach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan- nialasach, i gcomhréir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais. Cé go bhféadfadh forbairtí geopholaitiúla a bheith ina ndúshláin do leasanna an Aontais, ní mór don Aontas fanacht dílis do loighic bhunúsach an rialaithe státchabhrach – a áirithiú nach ndéantar dochar don Mhargadh Aonair mar thoradh ar státchabhair. As an iomaíocht, seachas as fóirdheontais, a eascraíonn an t- iomaíochas, agus níor cheart do chistí poiblí infheistíochtaí a mhaoiniú ar infheistíochtaí iad a bhféadfadh an earnáil phríobháideach féin iad a dhéanamh. Is ar an gcúis sin a bhfuil teorainn ama le rialacha TCTF lena gcumasaítear tacaíocht le haghaidh príomhearnálacha agus a bhfuil dianchoimircí iontu. Comhartha láidir do na Ballstáit agus do chuideachtaí ina leith sin atá i gcéimniú amach páirteach ranna TCTF maidir le géarchéimeanna ag deireadh 2023 agus i gcéimniú amach beartaithe na ranna eile maidir le géarchéimeanna in 2024. Mar fhreagairt ar iarraidh ón gComhairle Eorpach ‘go dtuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le tionchar an bheartais státchabhrach reatha ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais’[5]. Sa Tuarascáil seo tá forbhreathnú cuimsitheach agus anailís ar státchabhair agus ar a tionchar ar an iomaíocht sa Mhargadh Aonair agus ar iomaíochas an Aontais (féach Roinn 6).

In 2023, léirigh an Coimisiún cathain agus cén chaoi nach mór beartas iomaíochta an Aontais a oiriúnú chun margaí an Aontais a choimeád cothrom, iomaíoch, agus oscailte ar mhaithe le gnólachtaí agus tomhaltóirí araon. Leanfaidh an Coimisiún de dhéanamh amhlaidh amach anseo.

Thairis sin, ó mhí na Bealtaine 2023, cuireann an Coimisiún rialacha nua an Ghnímh um Margaí Digiteacha (DMA)[6] i bhfeidhm chun margaí digiteacha a choimeád oscailte agus inchoimhlinte. Tuarascáil iomlán ar na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún Eorpach i gcomhthéacs DMA in 2023, foilsítear í i gcomhthráth leis an tuarascáil seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 35 DMA. Ina theannta sin, na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (FSR)[7], tháinig siad i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun dul i ngleic le saobhadh margaidh de dheasca fóirdheontais eachtracha.

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, IO C 131I, 24.3.2022, lch. 1.
[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún - Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine 2023/C 101/03, C/2023/1711, IO C 101, 17.3.2023, lch. 3.
[5] Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Deireadh Fómhair 2023), EUCO 14/23, pointe 22(g).
[6] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha), IO L 265, 12.10.2022, lch. 1.
[7] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.

## 2. Na rialacha Státchabhrach agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun éifeachtaí diúltacha suaití seachtracha eacnamaíocha a mhaolú

### *2.1. An Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe*

I mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún an Creat Sealadach Géarchéime (TCF)[8] chun cur ar a gcumas do na Ballstáit tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Áiríodh leis an TCF bunaidh státchabhair a raibh sé i gceist léi déileáil leis an ngéarchéim eacnamaíoch láithreach de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, mar shampla tacaíocht leachtachta i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit agus iasachtaí fóirdheonaithe, cabhair chun praghsanna arda fuinnimh a chúiteamh, agus bearta arb é is aidhm dóibh tacú leis an laghdú ar an éileamh ar leictreachas. Leasaíodh TCF faoi dhó – i mí Iúil 2022 agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 – faoi mar a tháinig an ghéarchéim chun cinn.

I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe[9]. Cumasaítear cabhair ghéarchéime leis an gCreat sin ach, ina theannta sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit leis tacú le príomhearnálacha le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan- nialasach, i gcomhréir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais.

Go háirithe, le TCTF (i) cuirtear síneadh go dtí an 31 Nollaig 2025 leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit dlús a chur le leathadh amach scéimeanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh agus dícharbónú próiseas táirgthe tionsclaíoch, (ii) leasaítear raon feidhme na mbeart sin chun go mbeidh sé níos éasca ar na Ballstáit scéimeanna den sórt sin a dhearadh agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí, agus (iii) tugtar isteach bearta nua, is infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2025, chun dlús breise a chur le hinfheistíochtaí i bpríomhearnálacha le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach. Cumasaítear le TCTF tacaíocht infheistíochta le haghaidh monaraíocht trealaimh straitéisigh, is é sin ceallraí, grianphainéil, tuirbíní gaoithe, teaschaidéil, leictrealóirí, agus gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, chomh maith le táirgeadh príomh-chomhpháirteanna agus táirgeadh agus aisghabháil amhábhar criticiúil gaolmhar, trí scéimeanna nó trí chabhair aonair suas le méid an fhóirdheontais a d’fhéadfadh an tairbhí a fháil ar infheistíocht choibhéiseach i ndlínse tríú tír lasmuigh de LEE, nó leis an méid is gá chun an chuideachta a spreagadh chun an infheistíocht a lonnú in LEE (an ‘bhearna chistiúcháin’ mar a thugtar air), cibé acu is ísle. .

I mí na Samhna 2023, tar éis comhairliúchán leis na Ballstáit, chuir an Coimisiún síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2024 le ranna lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit méideanna teoranta cabhrach

---

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún - Creat Sealadach Géarchéime le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, IO C 131I, 24.3.2022, lch. 1.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún - Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, IO C 101, 17.3.2023, lch. 3.

(roinn 2.1) agus cabhair chun praghsanna arda fuinnimh a chúitimh (roinn 2.4) a dheonú, go háirithe i bhfianaise na leochaileachta atá sna margaí fuinnimh i gcónaí[10], i gcás ina bhfuil tionscail atá dian ó thaobh fuinnimh de thar a bheith íogair.

In 2023, ghlac an Coimisiún 220 cinneadh (lena n- áirítear 91 chinneadh maidir le leasú) faoi TCF agus TCTF, lenar formheasadh 147 mbeart náisiúnta ar thug 27 mBallstát fógra fúthu. Thart ar EUR 77.94 billiún an buiséad foriomlán ar thug na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún faoi bhearta státchabhrach den sórt sin. Tá faisnéis bhreise maidir leis an státchabhair a deonaíodh faoin dá ionstraim sin le fáil i Roinn 6 thíos.

### *2.2. Cuireadh i gcrích céimniú amach an Chreata Shealadaigh Covid um Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ráig COVID- 19*

Agus maolú ag teacht ar éifeachtaí ráig an choróinvíris, chuir an Coimisiún tús in 2023 le céimniú amach an Chreata Shealadaigh chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ráig COVID- 19 ('Creat sealadach maidir le bearta státchabhrach')[11]. Tugadh dáta éaga níos déanaí do ranna teoranta, rud a d'fhág gurbh fhéidir leanúint le bearta tacaíochta infheistíochta agus sócmhainneachta go dtí an 31 Nollaig 2023[12]. Ina theannta sin, cumasaíodh aistriú solúbtha leis an gCreat Sealadach faoi choimircí soiléire, go háirithe le haghaidh comhshó agus atheagrú ionstraimí fiachais, mar shampla iasachtaí agus ráthaíochtaí a aistriú chuig foirmeacha eile cabhrach amhail deontais dhíreacha, go dtí an 30 Meitheamh 2023[13].

### *2.3. An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme*

Leanadh le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)[14] – croílár thionscnamh NextGenerationEU – in 2023[15]. Is é is aidhm dó, i gcomhar leis an mBeartas Comhtháthaithe agus lena chois, comhtháthú a chur chun cinn i measc na mBallstát trí dhrochthoradh sóisialta agus eacnamaíoch phaindéim COVID-19 a mhaolú le gur fearr a bheidh an tAontas ábalta ullmhú do dhúshláin amach anseo, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

---

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Leasú ar an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh Bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, IO C, C/2023/1188, 21.11.2023, lch. 1.
[11] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/statement_22_2980
[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Leasú ar an gCreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID- 19, IO C 423, 7.11.2022, lch. 9.
[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún – An Séú Leasú ar an gCreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19 agus leasú ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin gearrthéarmach 2021/C 473/01, C/2021/8442, IO C 473, 24.11.2021, lch. 1.
[14] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_3131
[15] Féach: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/index.html?lang=ga

Ní státchabhair atá i gceist le formhór na mbeart a mhaoinítear le STA. As na bearta sin arb í státchabhair atá i gceist leo, féadfaidh na Ballstáit a bhformhór a chur chun feidhme go díreach, faoi rialachán maidir le blocdhíolúine[16] nó faoi rialachán *de minimis*[17].

Mar sin féin, tugadh fógra faoi roinnt beart chun réamhúdarú a fháil ón gCoimisiún. Chuige sin, i mí Aibreáin 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún teimpléid treoraíochta nuashonraithe maidir le státchabhair[18] chun cabhrú leis na Ballstáit bearta tacaíochta a dhearadh, i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair, a chuirfear san áireamh ina bPleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna). Leis na teimpléid nuashonraithe, is éasca do na Ballstáit bearta státchabhrach a chruthú lena rannchuidítear a thuilleadh le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus lena maolaítear an tráth céanna an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise agus lena gcuirtear dlús leis an aistriú glas mar a leagtar amach sa Phlean REPowerEU. In 2023, ghlac an Coimisiún os cionn 50 cinneadh maidir le státchabhair a bhain le bearta arna gcistiú le STA.

## 3. A áirithiú go bhfanfaidh rialacha iomaíochta oiriúnach don todhchaí – Dul chun cinn ar an gclár oibre fairsing beartais

### *3.1. Rialacha agus treoraíocht maidir le cumaisc agus in aghaidh trustaí a thabhairt cothrom le dáta*

#### *Glacadh rialacha maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair*

I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Coimisiún Rialacháin Chothrománacha athbhreithnithe maidir le Blocdhíolúine i ndáil le comhaontuithe Taighde agus Forbartha (T&F)[19] agus comhaontaithe Speisialtóireachta[20] (ar a dtugtar HBERanna le chéile), a bhfuil Treoirlínte Cothrománacha athbhreithnithe ag gabháil leo[21]. Soláthraítear leis na rialacha athbhreithnithe treoraíocht cothrom le dáta chun cabhrú le gnólachtaí measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht a gcomhaontuithe comhair do rialacha iomaíochta an Aontais, lena n- áirítear cineálacha comhair a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas. Díolmhaítear le HBERanna comhaontuithe áirithe T&F agus speisialtóireachta ar son na hiomaíochta ón toirmeasc faoi Airteagal 101(1) CFAE. I measc na

[16] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh, IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2021/1237 ón gCoimisiún, IO L 270, 29.7.2021, lch. 39.

[17] Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis*, IO L 352, 24.12.2013, lch. 1.

[18] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/state-aid/legislation/rrf-guiding-templates_ga

[19] Rialachán (AE) 2023/1066 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe taighde agus forbartha, IO L 143, 2.6.2023, lch. 9.

[20] Rialachán (AE) 2023/1067 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aicmí áirithe de chomhaontuithe speisialtóireachta, IO L 143, 2.6.2023, lch. 20.

[21] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair, IO C 259, 21.7.2023, lch. 1.

n- athruithe eile, leathnaítear leis na rialacha athbhreithnithe raon feidhme an Rialacháin maidir le Blocdhíolúine Speisialtóireachta chun comhaontuithe ilpháirtí a chumhdach le haghaidh cineálacha breise comhaontuithe táirgthe agus chun solúbthacht níos mó a sholáthar chun sciartha den mhargadh a ríomh.

Tugadh na Treoirlínte Cothrománacha athbhreithnithe cothrom le dáta chun cásdlí le déanaí agus cleachtas forfheidhmiúcháin a léiriú. Tá treoraíocht leathnaithe iontu maidir le malartú faisnéise, lena n- áirítear foirmeacha digiteacha malartuithe, agus maidir le ceannach comhpháirteach, lena n- áirítear an t- idirdhealú idir ceannach comhpháirteach dlisteanach agus cairtéil ceannaitheoirí. Tá treoraíocht i gcaibidil nua maidir le cur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta i leith comhaontuithe inbhuanaitheachta.




*Foinse: an Coimisiún Eorpach*.

### *Síneadh curtha leis an Rialachán Blocdhíolúine maidir le Mótarfheithiclí*

Tá córas sonrach ag an Aontas le haghaidh comhaontuithe ingearacha san earnáil mótarfheithiclí, an Rialachán Blocdhíolúine maidir le Mótarfheithiclí (MVBER)[22], a bhí le dul in éag an 31 Bealtaine 2023. I mí Aibreáin 2023, chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana le MVBER go dtí an

---

[22] Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2010 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le haicmí comhaontuithe ingearacha agus cleachtas comhbheartaithe san earnáil mótarfheithiclí, IO L 129, 28.5.2010, lch. 52 arna leasú le Rialachán (AE) 2023/822 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 461/2010 a mhéid a bhaineann lena thréimhse chur i bhfeidhm, IO L 102I, 17.4.2023, lch. 1.

31 Bealtaine 2028. Chuir an Coimisiún teorainn 5 bliana leis an síneadh le bheith in ann freagairt go tráthúil d'fhorbairtí sa mhargadh, amhail forbairtí a eascraíonn as digitiú feithiclí, leictriú, agus patrúin soghluaisteachta nua.

Rinne an Coimisiún na Treoirlínte Forlíontacha[23] le haghaidh na hearnála a thabhairt cothrom le dáta freisin. Tá tábhacht atá ag méadú i gcónaí ag baint le sonraí feithicil-ghinte ó thaobh iomaíocht d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála de. Cabhróidh na Treoirlínte athbhreithnithe le cuideachtaí san earnáil mótarfheithiclí measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht a gcomhaontuithe ingearacha do rialacha iomaíochta an Aontais, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh oibreoirí iarmhargaidh, garáistí ina measc, de rochtain a bheith acu ar shonraí feithicil-ghinte a bhfuil gá leo ar mhaithe le deisiúchán agus cothabháil.

### *Glacadh an phacáiste shimplithe maidir le cumaisc*

Ghlac an Coimisiún an pacáiste simplithe maidir le cumaisc i mí Aibreáin 2023. Áirítear ann: (i.) Rialachán Cur Chun Feidhme athbhreithnithe[24], (ii.) Fógra maidir le Nós Imeachta Simplithe[25], agus (iii.) Teachtaireacht maidir le tarchur doiciméad[26]. Is é is aidhm don phacáiste raon feidhme phróiseas athbhreithniúcháin an Choimisiúin a shimpliú agus a leathnú maidir le cumaisc nach mbaineann fadhb leo (cásanna simplithe). Laghdaítear leis freisin an méid faisnéise is gá chun fógra a thabhairt faoi idirbhearta agus tugtar isteach fógraí leictreonacha mar réamhshocrú. Tá liosta níos mionsonraithe san Fhógra de na himthosca ina bhféadfadh an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar chás faoin ngnáthnós imeachta athbhreithniúcháin cé go bhfuil sé incháilithe go foirmiúil don láimhseáil shimplithe. Tháinig na rialacha maidir le simpliú cumasc i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023.

### *Glacadh treoirlínte maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta sa talmhaíocht*

Cuirtear toirmeasc le hAirteagal 101 CFAE ar chomhaontuithe idir cuideachtaí lena gcuirtear srian ar an iomaíocht, amhail comhaontuithe idir iomaitheoirí as a n- eascraíonn praghsanna níos airde nó cainníochtaí níos ísle. Mar sin féin, le hAirteagal 210a de Rialachán 1308/2013 (Rialachán CEM)[27],

---

[23] Fógra ón gCoimisiún: Treoirlínte forlíontacha maidir le srianta ingearacha i gcomhaontuithe um mótarfheithiclí a dhíol agus a dheisiú agus um dháileadh páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí, IO C 138, 28.5.2010, lch. 16 arna leasú leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún – Leasuithe ar an bhFógra ón gCoimisiún dar dteideal Treoirlínte forlíontacha maidir le srianta ingearacha i gcomhaontuithe um mótarfheithiclí a dhíol agus a dheisiú agus um dháileadh páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí 2023/C 133 I/01, IO C 133I, 17.4.2023, lch. 1.

[24] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [2023/914] ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún, IO L 119, 5.5.2023, lch. 22.

[25] Fógra ón gCoimisiún maidir le láimhseáil shimplithe comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú, IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

[26] Teachtaireacht ón gCoimisiúin – Teachtaireacht de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 13(3), Airteagal 20 agus Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/914 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún, IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

[27] Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE)

eisiaitear comhaontuithe sriantacha áirithe san earnáil talmhaíochta ó raon feidhme an toirmisc ghinearálta sin i gcás inar fíor-riachtanach na comhaontuithe sin chun caighdeáin inbhuanaitheachta a bhaint amach. Tar éis comhairliúchán poiblí sa chéad leath de 2023[28] i ndáil leis na Treoirlínte maidir le hAirteagal 210a de Rialachán CEM[29], ghlac an Coimisiún na Treoirlínte i mí na Nollag 2023. Is é is aidhm do na Treoirlínte glacadh comhaontuithe inbhuanaitheachta sa talmhaíocht a éascú trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíontar na coinníollacha maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 210a de Rialachán CEM agus trí shamplaí coincréiteacha a sholáthar.

*Gan aon síneadh ar an mblocdhíolúine le haghaidh cuibhreannais loingseoireachta línéir*

Is é atá i seirbhísí loingseoireachta línéir iompar tráthrialta sceidealaithe d'iompar lasta nach bulclasta é ar bhealach sonrach. Bíonn na seirbhísí sin á soláthar go tráthrialta ag roinnt cuideachtaí loingseoireachta a eagraítear i gcuibhreannais. Leis an Rialachán Blocdhíolúine maidir le Cuibhreannais ('CBER'), cuirtear ar a gcumas do chuideachtaí loingseoireachta línéir oibriú i gcomhar laistigh de theorainneacha áirithe gan dlí iomaíochta an Aontais a shárú. Tráth glactha an Rialacháin sin in 2009, ba é ba phríomhchuspóir dó comhar a éascú i measc cuideachtaí loingseoireachta chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht oibríochtúil, úsáid soithí a bharrfheabhsú, agus feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse. Mar sin féin, tar éis dó meastóireacht a dhéanamh, mheas an Coimisiún gur réasúnta íseal a bhí an líon cuibhreannas a chumhdaítear le CBER. Dá bhrí sin, tá teorainn le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht CBER. Chinn an Coimisiún gan síneadh a chur leis an mblocdhíolúine agus lig sé di dul in éag an 25 Aibreán 2024[30].

*Tús curtha leis an ullmhú le haghaidh Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE*

I mí an Mhárta 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise le haghaidh na dTreoirlínte amach anseo maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 102 CFAE i ndáil le hiompar eisiatach[31]. Léireofar sna Treoirlínte cásdlí an Aontais chomh maith leis an taithí fhairsing a fuair an Coimisiún i bhforfheidhmiú Airteagal 102 CFAE. Foilseoidh an Coimisiún dréacht de na Treoirlínte le haghaidh comhairliúchán poiblí agus déanfaidh sé breithniú cúramach ar aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara.

---

Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, IO L 435, 6.12.2021, lch. 262.

[28] Comhairliúchán poiblí i ndáil leis na dréacht-treoirlínte maidir le comhaontuithe inbhuanaitheachta sa talmhaíocht, ón 10.1.2023 go dtí an 24.4.2023, féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/public-consultations/2023-sustainability-agreements-agriculture_ga

[29] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/about/reaching-out/sustainability-guidelines-agri-food-supply-chain_ga

[30] Teachtaireacht chuig an gCoimisiún – Dul in éag Rialachán (CE) Uimh. 906/2009 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2009 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 81(3) den Chonradh i ndáil le catagóirí áirithe comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe idir cuideachtaí loingseoireachta línéir (cuibhreannais), 10.10.2023, C(2023) 6700 final.

[31] Glao ar Fhianaise maidir le treoirlínte i ndáil le mí-úsáidí eisiatacha ag gnóthais cheannasacha, ón 27.3.2023 go dtí an 24.4.2023, féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13796-Dli-iomaiochta-an-Aontais-treoirlinte-maidir-le-mi-usaidi-eisiatacha-ag-gnothais-cheannasacha_ga

*Leanadh den mheastóireacht ar Rialachán 1/2003*

Le Rialachán 1/2003[32] agus lena ghníomh cur chun feidhme, Rialachán 773/2004[33], bunaítear creat nós imeachta arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm éifeachtach aonfhoirmeach Airteagail 101 agus 102 CFAE a áirithiú san Aontas Eorpach. Tháinig dúshláin nua chun cinn le himeacht ama maidir le rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú, mar shampla dúshláin a bhaineann le digitiú an gheilleagair agus leis an gcastacht atá ag méadú maidir leis na himscrúduithe in aghaidh trustaí. Tar éis comhairliúchán poiblí in 2022[34], lean an Coimisiún dá mheastóireacht in 2023. Chuige sin, reáchtáil an Coimisiún ceardlann le raon leathan páirtithe leasmhara éagsúla i mí Dheireadh Fómhair 2023. Rinne an Coimisiún staidéar tacaíochta meastóireachta a choimisiúnú freisin. Tá an Coimisiún i mbun idirchaidrimh leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta i rith na meastóireachta.

*Meastóireacht ar na rialacha maidir le comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta*

I mí na Samhna 2022, sheol an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán Blocdhíolúine maidir le hAistriú Teicneolaíochta (TTBER)[35] agus ar na treoirlínte a ghabhann leis[36]. Leanadh den obair sin i rith 2023. Cuirfidh an mheastóireacht sin ar a chumas don Choimisiún a chinneadh cibé acu ar cheart ligean do TTBER dul in éag, síneadh a chur leis, nó é a athbhreithniú.

### *3.2. Rialacha agus treoraíocht maidir le státchabhair a thabhairt cothrom le dáta*

*Leasú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine*

I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Coimisiún leasú spriocdhírithe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER) chun tacaíocht le haistrú glas agus aistriú digiteach an Aontais a shimpliú a thuilleadh agus chun dlús breise a chur leo, agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair á áirithiú san am céanna[37]. Le GBER athbhreithnithe, tugtar breis solúbthachta do na Ballstáit bearta tacaíochta Stáit a dhearadh agus a chur chun feidhme i bpríomhearnálacha le haghaidh an aistrithe chuig an

[32] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 1, 4.1.2003, lch. 1.

[33] Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le himeachtaí a bheith á seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 123, 27.4.2004, lch. 18.

[34] Comhairliúchán poiblí ar rialacha nós imeachta an Aontais in aghaidh trustaí – meastóireacht, ón 30.6.2022 go dtí an 6.10.2022, féach: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13431-Rialacha-nos-imeachta-an-Aontais-in-aghaidh-trustai-meastoireacht_ga

[35] Rialachán (AE) Uimh. 316/2014 ón gCoimisiún an 21 Márta 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101(3) CFAE i ndáil le comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta, IO L 93, 28.3.2014, lch. 17.

[36] Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101 CFAE i ndáil le comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta, IO C 89, 28.3.2014, lch. 3.

[37] Rialachán (AE) 2023/1315 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh agus Rialachán (AE) 2022/2473 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), C/2023/4278, IO L 167, 30.6.2023, lch. 1.

aeráidneodracht agus chuig tionscal glan-nialasachta. Ina theannta sin, cabhróidh sé le dlús a chur le hinfheistíocht agus le maoiniú le haghaidh táirgeadh teicneolaíochta glaine san Aontas, i gcomhréir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais[38].

Le GBER athbhreithnithe, cuirtear leis na féidearthachtaí státchabhair a dheonú le haghaidh cosaint comhshaoil agus fuinnimh agus déantar na féidearthachtaí sin a chuíchóiriú. Thairis sin, éascaítear leis an tacaíocht le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) i réimsí an taighde agus na forbartha agus leathnaítear na féidearthachtaí maidir le hoiliúint agus athsciliú fostaithe. Éascaítear leis freisin deonú cabhrach i bhfoirm praghsanna rialáilte ar leictreachas, gás nó teas tríd an gcatagóir sin a chumhdach faoi raon feidhme GBER. Le GBER athbhreithnithe, méadaítear freisin na tairseacha fógartha maidir le cabhair chomhshaoil chomh maith le cabhair le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN). Ina theannta sin, le GBER athbhreithnithe, soiléirítear agus cuíchóirítear na féidearthachtaí le haghaidh cabhair um maoiniú riosca i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Na forálacha maidir le líonraí leathanbhanda fosaithe agus móibíleacha, déantar iad a shoiléiriú agus a leathnú i bpríomhréimsí, amhail an fhéidearthacht trealamh móibíleach gníomhach a mhaoiniú agus forálacha nua maidir le líonraí aisiompair. Cuireadh síneadh le GBER go dtí deireadh 2026 agus ailíníodh forálacha GBER leis na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Cabhair Réigiúnach, na Treoirlínte maidir leis an Aeráid, Cosaint an Chomhshaoil agus Cúnamh Fuinnimh, na Treoirlínte maidir le Cabhair um Maoiniú Riosca, an Creat Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, agus na Treoirlínte maidir le Leathanbhanda.

### *Glacadh rialacháin ginearálta de minimis athbhreithnithe*

I mí na Nollag 2023, ghlac an Coimisiún an rialachán ginearálta nua *de minimis*[39], agus chuaigh an rialachán *de minimis* roimhe sin in éag an 31 Nollaig 2023. Díolmhaítear leis an Rialachán méideanna beaga cabhrach ó raon feidhme rialú státchabhrach an Aontais mar meastar nach ndéanann siad difear don trádáil idir na Ballstáit nó nach ndéanann siad an iomaíocht a shaobhadh ná nach baol é go saobhfaí an iomaíocht leo. Mar thoradh ar an díolúine ó rialú státchabhrach le haghaidh méideanna beaga cabhrach, laghdaítear go mór an t- ualach riaracháin ar chuideachtaí – FBManna go háirithe – agus ar na Ballstáit. Ar na príomhathruithe, tá uasteorainn EUR 300 000 thar thréimhse 3 bliana chun coigeartú a dhéanamh don bhoilsciú agus tabhairt isteach cláir *de minimis* shainordaithigh ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais chun cur leis an trédhearcacht. Faoin rialachán roimhe sin, ceanglaíodh ar ghnólachtaí taifead a choimeád ar chabhair *de minimis* a fuair siad, ach áirítear leis an Rialachán *de minimis* nua an oibleagáid le haghaidh gach Ballstáit faisnéis iomlán a sholáthar ó 2026 amach maidir le cabhair *de minimis* a dheonaítear i gclár lárnach

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM(2023) 62 final.

[39] Rialachán (AE) 2023/2831 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis*, IO L, 2023/2831, 15.12.2023, lch. 1.

ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais agus a sheiceáil nach sáraítear le haon deonú nua cabhrach an uasteorainn ábhartha.

### *Glacadh rialacháin de minimis SGEI athbhreithnithe*

I mí na Nollag 2023, ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) 2023/2832 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair *de minimis* arna deonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI)[40]. Tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 agus cuirtear é in ionad Rialachán (CE) Uimh. 360/2012[41] a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2023. Chinn an Coimisiún tairseach cabhrach *de minimis* SGEI a mhéadú go EUR 750 000 in aghaidh an ghnóthais a sholáthraíonn SGEI thar aon tréimhse 3 bliana.

### *Glacadh rialacha athbhreithnithe maidir le státchabhair sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, agus dobharshaothraithe*

An Rialachán Blocdhíolúine Talmhaíochta athbhreithnithe (ABER) agus an Rialachán Blocdhíolúine Iascaigh (FIBER), agus na Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe (Treoirlínte Talmhaíochta), tháinig siad i bhfeidhm i mí Eanáir 2023[42]. Na Treoirlínte maidir le státchabhair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (Treoirlínte Iascaigh) ar fhormhuinigh an Coimisiún iad i mí na Nollag 2022, tá feidhm leo ó mhí Aibreáin 2023[43].

Le ABER agus FIBER, leathnaítear raon feidhme beart blocdhíolmhaithe. Suas le 50 % de chásanna a raibh fógra le tabhairt fúthu faoin seanchreat, blocdhíolmhaítear iad faoi na rialacha nua. Léirítear taithí cásanna an Choimisiúin sna Treoirlínte Talmhaíochta nua agus sna Treoirlínte Iascaigh nua chomh maith le tosaíochtaí straitéiseacha reatha an Aontais, go háirithe an Comhbheartas Talmhaíochta, an Comhbheartas Iascaigh, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus an Comhaontú Glas don Eoraip, an Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', agus an Straitéis Bhithéagsúlachta. Leis na Treoirlínte Iascaigh athbhreithnithe, cabhraítear leis na Ballstáit spriocanna glasa uaillmhianacha an Aontais a chomhlíonadh trí fheabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeacht an athraithe aeráide a mhaolú.

---

[40] Rialachán (AE) 2023/2832 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chabhair *de minimis* arna deonú do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, IO L, 2023/2832, 15.12.2023, lch. 1.

[41] Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* a dheonaítear do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, Téacs atá ábhartha maidir le LEE, IO L 114, 26.4.2012, lch. 8.

[42] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le Státchabhair in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil na foraoiseachta agus i limistéir thuaithe 2022/C 485/01, IO C 485, 21.12.2022, lch. 1.

[43] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le státchabhair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, IO C 107, 23.3.2023, lch. 1.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún leasú ar an rialachán *de minimis* le haghaidh earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe[44]. Leis an rialachán athbhreithnithe, méadaítear an uasteorainn cabhrach *de minimis* in aghaidh na cuideachta ó EUR 30 000 go EUR 40 000 thar thréimhse 3 bliana. Thairis sin, maidir le próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ní chumhdaítear iad a thuilleadh leis an Rialachán *de minimis* maidir le hIascach ach leis an Rialachán Ginearálta *de minimis*.

### *Glacadh cóid dea-chleachtas maidir le IPCEI*

Leagtar amach i dTeachtaireacht IPCEI[45] na critéir incháilitheachta agus chomhoiriúnachta a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm sa mheasúnú ar an státchabhair a dheonaítear le haghaidh tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI). Tar éis measúnú agus formheas ina dhiaidh sin ar státchabhair le haghaidh roinnt tionscadail den sórt sin, fuair na Ballstáit agus an Coimisiún taithí ar státchabhair a mheasúnú le haghaidh IPCEI. Bunaithe ar an taithí sin, d'ullmhaigh an Coimisiún cód dea-chleachtas i mí na Bealtaine 2023 le haghaidh dearadh IPCEI[46], lena gcumasaítear measúnú cuíchóirithe. Ní léirítear seasamh dlíthiúil infheidhme leis an gCód sin ná ní cur chuige atá ceangailteach ó thaobh dlí de atá ann le haghaidh rannpháirtithe díreacha IPCEI. Anuas air sin, ní chruthaítear aon cheart breise leis ná ní fhorchuirtear aon oibleagáid nua leis.

### *An Fóram Comhpháirteach Eorpach um Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne*

I bhfómhar 2023, sheol an Coimisiún an Fóram Comhpháirteach Eorpach um Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (JEF-IPCEI)[47], a tháinig le chéile den chéad uair an 20 Deireadh Fómhair 2023. Cumhdaítear timthriall iomlán IPCEI leis an bhfóram – ar comhpháirtíocht é idir an Coimisiún agus na Ballstáit – agus tá sé d'aidhm aige cur le héifeachtacht dhearadh, mheasúnú (bunaithe ar rialacha státchabhrach atá ann cheana) agus chur chun feidhme IPCEInna chomh maith le réimsí leasa straitéisigh AE a shainaithint le haghaidh IPCEInna féideartha amach anseo. Oibríonn JEF-IPCEI i dtreo na gcuspóirí sin trí IPCEInna féideartha nua a ailíniú níos fearr le cuspóirí beartais straitéis thionsclaíoch an Aontais. Tiocfaidh JEF-IPCEI le chéile roinnt uaireanta sa bhliain.

---

[44] Rialachán (AE) 2023/2391 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 717/2014, (AE) Uimh. 1407/2013, (AE) 1408/2013 agus (AE) 360/2012 a mhéid a bhaineann le cabhair *de minimis* le haghaidh próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, agus Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann le méid iomlán na cabhrach *de minimis* a dheonaítear do ghnóthas aonair, a tréimhse cur i bhfeidhm agus ábhair eile, IO L 2391, 5.10.2023, lch. 1.

[45] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Critéir maidir le hanailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na státchabhrach don mhargadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn 2021/C 528/02 IO C 528, 30.12.2021, lch. 10.

[46] AS COMP: *Code of good practices for a transparent, inclusive, faster design and assessment of IPCEIs* [Cód dea-chleachtas chun IPCEInna a dhearadh agus a mheasúnú ar bhealach trédhearcach, cuimsitheach agus níos tapúla], 17 Bealtaine 2023, féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/system/files/2023-05/IPCEIs_DG_COMP_code_of_good_practices.pdf

[47] An Fóram Comhpháirteach Eorpach um IPCEI – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

*Glacadh Treoirlínte Léirmhínitheacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1370/2007*

In 2023, ghlac an Coimisiún leagan athbhreithnithe de na Treoirlínte Léirmhínitheacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1370/2007 maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí in earnáil na talún[48]. Is é is aidhm do na treoirlínte treoraíocht bhreise a sholáthar do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm roinnt forálacha den Rialachán sin, i bhfianaise na n- athruithe a tugadh isteach leis an 4ú Pacáiste Iarnróid agus leis an gcásdlí ábhartha de Chúirteanna an Aontais.

*Meastóireachtaí*

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, lean Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta dá meastóireachtaí ar na rialacha maidir le státchabhair le haghaidh bainc i gcruachás[49] agus maidir le cabhair i bhfoirm ráthaíochtaí poiblí[50].

## 4. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta le príomhthosaíochtaí an Choimisiúin

Caomhnú an smachta margaidh trí fhorfheidhmiú éifeachtach rialacha iomaíochta an Aontais, tá sé ríthábhachtach le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach gheilleagar an Aontais chomh maith le geilleagar a fhóireann do dhaoine a thógáil. Thairis sin, ach na rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú, cuidítear le baint na mbacainní atá roimh an Margadh Aonair i gcónaí agus cuirtear deireadh le srianta margaidh. De réir a nádúir, cabhraíonn an Margadh Aonair le hathléimneacht eacnamaíoch gheilleagar an Aontais a mhéadú trí dhreasachtaí a neartú chun infheistíocht a dhéanamh, bheith nuálaíoch, slabhraí soláthair a éagsúlú agus deiseanna gnó nua a aimsiú.

### *4.1. Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach*

Ach margaí a chur ag obair níos fearr ar son tomhaltóirí, gnólachtaí agus na sochaí, tá ról ríthábhachtach ag an mbeartas iomaíochta agus an tAontas ar a dhícheall ag iarraidh ceannaireacht dhigiteach dhomhanda a bhaint amach. Tá tionchar ollmhór ag an aistriú digiteach ar gach aon ghné den gheilleagar agus den tsochaí. Ach athruithe a spreagadh agus an nuálaíocht a chur chun cinn, cabhraíonn an beartas iomaíochta leis an Aontas acmhainneacht iomlán na ré digití a chur ar fáil.

---

[48] Fógra ón gCoimisiún maidir le treoirlínte léirmhínitheacha a bhaineann le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar 2023/C 222/01, C/2023/3978, IO C 222, 26.6.2023, lch. 1.

[49] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha státchabhrach i bhfabhar banc i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais ('Teachtaireacht 2013 maidir leis an mBaincéireacht'), IO C 216, 30.7.2013, lch. 1 agus na teachtaireachtaí gaolmhara: Teachtaireacht 2009 maidir le hAthchaipitliú (2009/C10/03), Teachtaireacht 2009 maidir le Sócmhainní Bearnaithe (2009/C72/01), Teachtaireacht 2009 maidir le hAthstruchtúrú (2009/C195/04), Teachtaireacht 2010 maidir le Síneadh (2010/C329/07), Teachtaireacht 2011 maidir le Síneadh (2011/C356/02).

[50] Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí, IO C 155, 20.6.2008, lch. 10.

Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach.

### *Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach*

Tá an láraonad próiseála (CPU) ar cheann de na comhpháirteanna lárnacha in aon ríomhaire, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach don earnáil dhigiteach ar fad go mbeidh an margadh le haghaidh CPUnna iomaíoch i gcónaí. In 2009, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 1.06 billiún ar *Intel* as sárú ar Airteagal 102 CFAE. Measadh gur ghabh Intel do dhá chineál iompair neamhdhleathaigh[51]. Thug Intel lacáistí do mhonaróirí ríomhairí ar choinníoll gurbh ó Intel a cheannaigh siad a CPUnna x86 uile, nó a bhformhór ('lacáistí coinníollacha'). Ina theannta sin, rinne Intel íocaíochtaí díreacha le monaróirí ríomhairí chun stop a chur le seoladh táirgí sonracha ina raibh CPUnna x86 ó iomaitheoirí nó chun moill a chur ar a seoladh ('srianta nochta'). In 2022, rinne an Chúirt Ghinearálta an cinneadh tosaigh ón gCoimisiún in 2009, maidir leis na lacáistí coinníollacha, a chur ar neamhní go páirteach. Tar a éis sin, i mí Mheán Fómhair 2023, rinne an Coimisiún cinneadh a athghlacadh inar gearradh fíneáil EUR 376.36 milliún ar Intel as na srianta nochta.

Bíonn seirbhísí síntiúis ceoil dhigitigh in úsáid go forleathan ag tomhaltóirí san Aontas, rud a fhágann gur tábhachtach an rud é go mbíonn an iomaíocht san earnáil sin ag feidhmiú go maith. Chuige sin, d'eisigh an Coimisiún Ráiteas Agóidí[52] do *Apple* i mí Feabhra 2023 inar cuireadh an chuideachta ar an eolas maidir lena réamhthuairim gur bhain Apple mí-úsáid as a ceannasacht trí shrian a chur le cumas forbróirí feidhmchlár úsáideoirí iPhone agus iPad a chur ar an eolas maidir le seirbhísí eile síntiúis ceoil. Ghlac an Coimisiún an réamhthuairim gur coinníollacha trádála éagóracha de shárú ar Airteagal 102 CFAE iad oibleagáidí frithstiúrtha Apple.

I Ráiteas Agóidí a eisíodh i mí an Mheithimh 2023, chuir an Coimisiún *Google* ar an eolas maidir lena réamhthuairim gur sháraigh Google Airteagal 102 CFAE tríd an iomaíocht a shaobhadh sa tionscal teicneolaíochta fógraíochta (teicneolaíocht fógraíochta)[53]. Feidhmíonn Google ar gach leibhéal de shlabhra soláthair na teicneolaíochta fógraíochta. Dá laghdófaí an iomaíocht le haghaidh seirbhísí teicneolaíochta fógraíochta, bheadh tionchar forleathan aige sin san earnáil dhigiteach mar dhéanfaí dochar d'iomaitheoirí díreacha Google ach, anuas air sin, dhéanfaí dochar d'fhoilsitheoirí agus do na fógróirí iad féin. Is ábhar imní don Choimisiún é gur thug Google tús áite dá sheirbhísí teicneolaíochta fógraíochta taispeána ar líne chun dochair d'iomaitheoirí, fógróirí agus foilsitheoirí ar líne. Is é réamhthuairim an Choimisiúin gur bhain Google mí-úsáid as a cheannasacht trí thús áite a thabhairt dá mhalartán fógraíochta féin, AdX, sa cheant roghnaithe fógraí a bhíonn á reáchtáil ag DFP, a fhreastalaí fógraí, agus trí thús áite a thabhairt do AdX sa chaoi a ndéanann Google Ads agus DV360, a uirlisí ceannaithe fógraí, tairiscintí ar mhalartáin fógraí.

---

[51] Cás AT. 37990 – *Intel.*
[52] Cás AT.40437 – *Apple – Cleachtais App Store (sruthú ceoil)*.
[53] Cás AT.40670 – *Google – Cleachtais a bhaineann le Teicneolaíocht Fógraíochta agus le Sonraí*.

Tá cruthú cairtéil ar cheann de na sáruithe is tromchúisí ar an iomaíocht dá bhfuil ann. Déanann cairtéil díobháil mhór don gheilleagar gan aon éifeachtúlacht a fheabhsú. Trí phraghsanna níos airde a ghearradh agus tríd an aschur a theorannú, laghdaíonn cairtéil chothrománacha éifeachtúlacht agus leas eacnamaíoch. Cuireann siad lagmhisneach ar ghnólachtaí táirgí agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt, rud a laghdaíonn an nuálaíocht agus an rogha a bhíonn ag tomhaltóirí.

I mí Mheán Fómhair 2023, ghearr an Coimisiún pionós den chéad uair ar chairtéal san earnáil cosanta agus ghearr sé fíneáil EUR 1.2 milliún ar *Diehl* as a bheith rannpháirteach in éineacht le *RUAG*[54], iomaitheoir leis, i gcairtéil a bhain le díol gránáidí láimhe míleata. Níor gearradh fíneáil ar *RUAG* mar nocht sé an cairtéal don Choimisiún faoi chlár trócaire an Aontais. Shuigh an Coimisiún gur roinn na cuideachtaí margaí náisiúnta ar fud LEE eatarthu féin ar feadh beagnach 14 bliana. D'admháil an dá chuideachta go raibh siad rannpháirteach sa chairtéal agus thoiligh siad an cás a réiteach.

Ghlac an Coimisiún cinneadh freisin in aghaidh cairtéil san earnáil cógaisíochta i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ghearr sé fíneáil iomlán EUR 13.4 milliún ar *Alkaloids of Australia*, *Alkaloids Corporation*, *Boehringer*, *Linnea* agus *Transo-Pharm* i nós imeachta socraíochta as bheith rannpháirteach i gcairtéal fadtréimhseach a bhain le N-búitiolbhróimíd scópolaimín (SNBB), comhábhar cógaisíochta a bhfuil gá leis chun drugaí in aghaidh freangaí san abdóman a tháirgeadh[55]. Níor gearradh fíneáil ar *C2 PHARMA* mar nocht sé an cairtéal don Choimisiún faoi chlár trócaire an Aontais. Chuaigh na sé chuideachta i gcomhar le chéile agus d'aontaigh siad praghas díola íosta SNBB a shocrú le haghaidh a gcustaiméirí (dáileoirí agus monaróirí drugaí cineálacha) agus cuótaí a leithdháileadh. Ina theannta sin, chomhroinn na cuideachtaí faisnéis a bhí íogair ó thaobh na tráchtála de.

I mí na Samhna 2023, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 26.6 milliún ar *Rabobank* as bheith rannpháirteach i gcairtéal a bhaineann le trádáil bannaí áirithe a ainmnítear in euro le *Deutsche Bank*[56]. Níor gearradh fíneáil ar Deutsche Bank mar nocht sé an cairtéal don Choimisiún faoi chlár trócaire an Aontais. Léiríodh in imscrúdú an Choimisiúin go ndearna an dá bhanc, idir 2006 agus 2016, trí chuid dá dtrádálaithe, faisnéis a bhí íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhroinnt agus a straitéisí trádála agus praghsála a chomhordú.

I mí na Samhna 2023[57], chuir an Coimisiún sé chuideachta agus aon chomhlacht trádála amháin ar an eolas maidir lena réamhthuairim gur sháraigh siad rialacha in aghaidh trustaí trí bheith ag obair as lámh a chéile chun praghsanna ceallraí tosaithe mótarfheithiclí a dhíoltar le táirgeoirí gluaisteán in LEE a ardú.

Ar deireadh, san earnáil grósaeireachta, lean an Coimisiún dá imscrúdú in 2023 ar shrianta a bhféadfadh sé gur chuir *Mondelez* i bhfeidhm iad ar an trádáil chomhthreomhar idir na Ballstáit

---

[54] Cás AT.40760 – *Gránáidí láimhe.*
[55] Cás AT.40636 – *SNBB*.
[56] Cás AT.40512 – *Bannaí a ainmnítear in euro*.
[57] Cás AT.40545 – *Ceallraí tosaithe mótarfheithiclí*.

maidir le seacláid, brioscaí, agus táirgí caife.[58] Chuir an Coimisiún tús freisin le himscrúdú ar chleachtais líomhnaithe foriata margaí i margaí deochanna fuinnimh agus rinne an Coimisiún cigireachtaí gan fógra ag Red Bull[59].

In 2023, rinne an Coimisiún cigireachtaí gan fógra in earnálacha éagsúla, mar shampla sna hearnálacha cumhrán[60], deochanna fuinnimh[61], faisin[62], gaireas leighis[63], ceimiceán tógála[64], agus seachadta bia ar líne[65].

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta sa chás maidir le físchluichí[66]**

I mí Mheán Fómhair 2023, sheas an Chúirt Ghinearálta le cinneadh an Choimisiúin maidir le sárú in aghaidh *Valve* sa chás maidir le *físchluichí*. Ina chinneadh, chinn an Coimisiún go ndearna Valve agus cúig fhoilsitheoir físchluichí PC comhaontuithe frithiomaíocha/cleachtais chomhbheartaithe lenar cuireadh srian ar thrádáil chomhthreomhar físchluichí PC le geobhlocáil. Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta go raibh na comhaontuithe/cleachtais chomhbheartaithe frithiomaíoch de réir cuspóra a mhéid a bhí sé i gceist srian a chur ar an trádáil chomhthreomhar leo agus nach gcaithfí amhras air sin sa chomhthéacs dlíthiúil agus eacnamaíoch. Thairis sin, dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta go dtagraíonn Airteagal 101(1) CFAE do gach comhaontú agus cleachtas comhbheartaithe lena saobhtar an iomaíocht, gan beann ar an margadh ina mbíonn na páirtithe ag feidhmiú.

Shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta freisin an gaol idir dlí iomaíochta an Aontais agus cóipchearta. Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta nach sárú é deonú ceadúnas as féin (lena n- áirítear ceadúnais eisiacha) ar Airteagal 101 CFAE. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go mbeadh cuspóir frithiomaíoch ag teorainneacha críochacha breise ar cheadúnais a fhágann nach féidir an t- ábhar faoi chosaint a rochtain ó lasmuigh den chríoch a chumhdaítear leis an gceadúnas, agus d’fhéadfadh sé gur sárú ar Airteagal 101 CFAE iad na teorainneacha sin.

### *Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú digiteach agus Margadh Aonair atá láidir agus athléimneach*

Tá an rialú cumasc mar bhonn agus thaca ag príomhthosaíochtaí an Choimisiúin a mhéid a bhaineann leis an nuálaíocht dhigiteach agus leis an aistriú digiteach, agus seachnaítear leis cumhacht mhargaidh iomarcach, foriamh, agus díbirt iontrálaithe sa mhargadh. In 2023, lean an Coimisiún dá rialacha maidir le rialú cumasc a fhorfheidhmiú chun tomhaltóirí a chosaint ar arduithe praghsanna agus, ina theannta sin, ar mheath ar pharaiméadair thábhachtacha eile den iomaíocht amhail cáilíocht, rogha, agus nuálaíocht.

In 2023, bhí gníomhaíochtaí rialaithe cumasc an Choimisiúin fós ar ardleibhéal. Ghlac an Coimisiún 333 chinneadh cumaisc in earnálacha éagsúla (in 2022 ghlac an Coimisiún 368 gcinneadh cumaisc),

---

[58] Féach:https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_21_281
[59] Féach:https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_1802
[60] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_23_1532
[61] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_23_1802
[62] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_2352
[63] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_4517
[64] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_5061
[65] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_5944
[66] Breithiúnas ón gCúirt Ginearálta an 27.9.2023 i gCás T- 172/21, *Valve v an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:T:2023:587.

ar formheasadh 271 díobh tar éis nós imeachta simplithe. Rinne an Coimisiún idirghabháil in 11 éadáil bheartaithe, ar formheasadh 9 n- idirbheart díobh faoi réir coinníollacha agus cuireadh toirmeasc ar cheann amháin díobh. Thréig na páirtithe aon idirbheart amháin ar tugadh fógra faoi, agus aistarraingíodh é i gCéim II.

**Chuir an Coimisiún bac ar éadáil eTraveli ag Booking**

I mí Mheán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún toirmeasc ar éadáil bheartaithe *eTraveli* ag *Booking*[67]. Mheas an Coimisiún go neartófaí leis an idirbheart ceannasacht Booking sa mhargadh le haghaidh gníomhaireachtaí taistil ar líne i gcomhair óstán (OTAnna), as a dtiocfadh costais níos airde le haghaidh óstán agus b'fhéidir le haghaidh tomhaltóirí freisin. Rinne an Coimisiún anailís fhairsing ar na gealltanais bheartaithe a thairg Booking agus mheas sé nach raibh na bearta ceartaitheacha beartaithe cuimsitheach ná éifeachtach a ndóthain agus, leis na bearta sin, nár cuireadh deireadh iomlán leis na hábhair imní a sainaithníodh ó thaobh na hiomaíochta de.




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

**Ghearr an Coimisiún fíneáil ar Illumina agus GRAIL as a gcumasc a chur chun feidhme gan formheas roimh ré**


I mí Iúil 2021, d'oscail an Coimisiún grinn-imscrúdú ar éadáil GRAIL ag Illumina. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún bac leis an idirbheart de bharr imní a bheith ann go mbeadh éifeachtaí móra frithiomaíocha ag baint leis, go gcuirfí srian ar an nuálaíocht agus go laghdófaí an rogha sa mhargadh le haghaidh tástálacha luathbhraite ailse bunaithe ar fhuil[68]. Mar sin féin, i mí Lúnasa 2021, tráth a bhí athbhreithniú an Choimisiúin ar siúl i gcónaí, d'fhógair Illumina go poiblí gur thug sé éadáil GRAIL i gcrích. I mí Iúil 2023, ghearr an Coimisiún fíneáil thart ar EUR 432 mhilliún agus EUR 1 000 ar Illumina agus ar GRAIL faoi seach as a gcumasc beartaithe a chur chun feidhme roimh fhormheas a fháil ón gCoimisiún[69]. Chinn an Coimisiún gur sháraigh Illumina agus GRAIL, go feasach agus d'aon turas, an oibleagáid neamhghníomhaíochta le linn ghrinn-imscrúdú an Choimisiúin. Is sárú an-tromchúiseach é sin a dhéanann dochar d'fheidhmiú éifeachtach rialú cumasc an Aontais. An fhíneáil a gearradh ar Illumina, comhfhreagraíonn sí do theorainn reachtúil 10 % de láimhdeachas Illumina. Ina chinneadh, shonraigh an

---

[67] Cás M.10615 – *Booking Holdings/eTraveli Group*.
[68] Cás M.10188 – *Illumina/GRAIL*.
[69] Cás M.10483 – *Illumina/GRAIL (nós imeachta faoi Airteagal 14)*. Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_3773

Coimisiún go raibh GRAIL, mar an sprioc-chuideachta, ar an eolas faoin oibleagáid neamhghníomhaíochta agus go raibh ról gníomhach aige sa sárú. Mar sin féin, ós rud é gurbh é sin an chéad uair a ghearr sé fíneáil ar sprioc-chuideachta as gníomhú róluath, chinn an Coimisiún gan ach fíneáil shiombalach EUR 1 000 a ghearradh ar GRAIL.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach cinneadh lenar ordaíodh bearta athchóiriúcháin arbh é a bhí iontu bearta dífheistiúcháin lenar ceanglaíodh ar Illumina éadáil GRAIL a chur ar ceal. Áiríodh leis an gcinneadh freisin bearta idirthréimhseacha ar gá do Illumina agus GRAIL iad a chomhlíonadh go dtí go ndéanfaidh Illumina an t- idirbheart a chur ar ceal[70].





*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

In 2023, lean an Coimisiún den iomaíocht le haghaidh bhonneagar an líonra fhosaithe a chosaint. D'fhormheas an Coimisiún éadáil *VOO* agus *Brutélé* ag *Orange*, faoi réir coinníollacha[71], i mí an Mhárta 2023. Bhí imní ar an gCoimisiún (i) go laghdófaí leis an idirbheart beartaithe an líon oibreoirí ó thrí oibreoir go dhá oibreoir i limistéir a chumhdaítear le líonraí fosaithe dílse VOO agus Brutélé, agus ar an gcaoi sin go gcuirfí deireadh le Orange mar shrian iomaíoch nuálach suntasach, (ii) go laghdófaí go mór leis an idirbheart beartaithe an iomaíocht sna margaí inar géar-iomaitheoirí iad Orange, VOO agus Brutélé, agus (iii) leis an idirbheart beartaithe, go gcuirfí leis an dóchúlacht maidir le comhordú idir na hoibreoirí arb ann i gcónaí iad i limistéir a chumhdaítear le líonraí fosaithe dílse VOO agus Brutélé. Chun dul i ngleic le hábhair imní an Choimisiúin ó thaobh na hiomaíochta de, gheall Orange rochtain a thabhairt do Telenet, iomaitheoir leis, ar bhonneagar líonra fhosaithe VOO agus Brutélé atá ann cheana i réigiún na Vallúine agus i gceantair den Bhruiséil, agus ar líonra cábla snáthoptaice go háitreabh a bheidh ag Orange amach anseo, ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

[70] Cás M.10939 – *Illumina/GRAIL. Féach:* https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_4872
[71] Cás M.10663 – *Orange / VOO / Brutélé.*

I mí na Bealtaine 2023, ghlac an Coimisiún le gealltanais a thairg *Microsoft* mar choinneáil chun éadáil *Activision Blizzard*[72] aige a fhormheas. Bhí imní ar an gCoimisiún go gcuirfí ar a chumas do Microsoft leis an éadáil bheartaithe díobháil a dhéanamh don iomaíocht (i) maidir le dáileadh físchluichí consóil agus PC, lena n- áirítear seirbhísí síntiúis ilchluichí agus néalseirbhísí sruthaithe cluichí; agus (ii) maidir le soláthar córas oibriúcháin PC. Gheall Microsoft go soláthróidh sé (i) ceadúnas saor in aisce do thomhaltóirí in LEE a chuirfeadh ar a gcumas dóibh gach cluiche PC agus consóil de chuid Activision Blizzard atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhfuil ceadúnas acu dóibh a shruthú, trína rogha néalséirbhísí sruthaithe cluichí, agus (ii) ceadúnas saor in aisce comhfhreagrach do sholáthraithe néalseirbhísí sruthaithe cluichí le cur ar a gcumas do chluichirí atá bunaithe in LEE aon cheann de chluichí PC agus consóil de chuid Activision Blizzard a shruthú. Téann na gealltanais sin i ngleic go hiomlán leis na hábhair imní a shainaithin an Coimisiún ó thaobh na hiomaíochta de. Fad 10 mbliana atá ag na gealltanais, agus is é iontaobhaí neamhspleách ag obair faoi mhaoirseacht an Choimisiúin a dhéanfaidh faireachán ar an gcomhlíontacht.




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

I mí Iúil 2023, d'fhormheas an Coimisiún éadáil bheartaithe *VMware* ag *Broadcom*, faoi réir coinníollacha[73]. Bhí imní ar an gCoimisiún go bhféadfadh an t- idirbheart srian a chur leis an iomaíocht sa mhargadh le haghaidh comhpháirteanna crua-earraí a idiroibríonn le bogearraí fíorúlaithe VMware. Chun dul i ngleic le hábhair imní an Choimisiúin ó thaobh na hiomaíochta de, thug Broadcom roinnt gealltanas maidir le rochtain agus idir-inoibritheacht d'iomaitheoirí atá sa mhargadh cheana féin agus a bheidh ann amach anseo araon. I bhfianaise na ngealltanas a thug Broadcom, chinn an Coimisiún nach mbeadh ábhair imní ó thaobh na hiomaíochta de i gceist leis an gcumasc a thuilleadh.

[72] Cás M.10646 – *Microsoft / Activision*.
[73] Cás M.10806 – *Broadcom / VMware*.

I mí Iúil 2023, d'fhormheas an Coimisiún éadáil bheartaithe *GfK* ag *Advent*, faoi réir coinníollacha[74]. Bhí imní ar an gCoimisiún go mbeadh ábhair imní thromchúiseacha ó thaobh na hiomaíochta de ag baint leis an idirbheart, mar a fógraíodh i dtosach é, (i) sa mhargadh le haghaidh seirbhísí tomhais miondíola le haghaidh earraí pacáistithe do thomhaltóirí; agus (ii) sa mhargadh le haghaidh seirbhísí painéil do thomhaltóirí. Leis na gealltanais a thug Advent, baintear na forluití idir gníomhaíochtaí NielsenIQ agus GfK i margaí na Gearmáine agus na hIodáile le haghaidh seirbhísí painéil do thomhaltóirí chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfadh NielsenIQ iomaitheoirí a fhoriamh sa mhargadh le haghaidh seirbhísí tomhais miondíola le haghaidh earraí pacáistithe do thomhaltóirí agus seirbhísí painéil do thomhaltóirí.

I mí na Bealtaine 2023, d'fhormheas an Coimisiún éadáil bheartaithe *OMV Slovenija* ag *MOL*, faoi réir coinníollacha[75]. Tá an dá chuideachta gníomhach san earnáil soláthair breosla miondíola. Ba choinníoll den fhormheas é go ndéanfadh MOL 39 stáisiún breosla sa tSlóivéin a dhífheistiú do Shell Group. Bhí an Coimisiún den tuairim gur gnó inmharthana a bhí sna sócmhainní dífheistithe lena gcuirfí ar a chumas do Shell Group dul in iomaíocht go héifeachtach leis an eintiteas cumaiscthe i margadh na Slóivéine.

I mí an Mheithimh 2023, tar éis grinn-imscrúdú agus faoi réir coinníollacha, d'fhormheas an Coimisiún éadáil *Lagardère* ag *Vivendi*[76]. Bhí imní ar an gCoimisiún go ndéanfadh an t- idirbheart, mar a fógraíodh i dtosach é, díobháil don iomaíocht sna hearnálacha foilsithe leabhar agus irisí preasa, faoi seach. Chun dul i ngleic le hábhair imní an Choimisiúin, thairg Vivendi a ghnólacht foilsitheoireachta a dhífheistiú chomh maith lena iris preasa maidir le daoine cáiliúla dar teideal *Gala*. Chinn an Coimisiún gur gnó inmharthana atá sna sócmhainní dífheistithe lena gcuirfí ar a chumas do cheannaitheoir ionchasach dul in iomaíocht go héifeachtach leis an eintiteas cumaiscthe.

I mí na Nollag 2023, d'fhormheas an Coimisiún an cumasc beartaithe idir *Chr Hansen A/S* agus *Novozymes A/S*, faoi réir coinníollacha[77]. Bhí imní ar an gCoimisiún go mbeadh ábhair imní thromchúiseacha ó thaobh na hiomaíochta de ag baint leis an idirbheart maidir le monarú lachtáise trí theicneolaíocht ghéinmhodhnaithe a úsáid mar bhí suíomh láidir ar an margadh ag Novozymes agus b'iontrálaí ionchasach é Chr Hansen. Cruthaítear gnólacht leis na gealltanais ag a bhfuil na sócmhainní táirgeachta agus cumais taighde agus forbartha is gá chun a bheith ina tháirgeoir iomaíoch inmharthana lachtáise.

### *Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú digiteach agus le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair*

Infheistíochtaí sa bhonneagar digiteach, i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i seirbhísí digiteacha, is príomhthosca iad lena spreagtar an fás eacnamaíoch, ní hamháin san earnáil dhigiteach amháin ach sa gheilleagar trí chéile. Is gá infheistíochtaí den sórt sin chun na cuspóirí beartais a leagtar amach sa

[74] Cás M.10860 – *Advent / GfK*.
[75] Cás M.10438 – *MOL / OMV Slovenija*.
[76] Cás M.10433 – *Vivendi / Lagadère*.
[77] Cás M.11043 – *Novozymes/Christian Hansen.*

Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach[78] a bhaint amach. D'fhéadfadh sé gur ghá tacaíocht stáit le haghaidh infheistíochtaí a bhfuil riosca ag baint leo sa timpeallacht dhigiteach chun dul i ngleic le teipeanna margaidh (is é sin i gcás ina mbeadh ina dtoradh ar bheith ag brath ar thionscnaimh phríobháideacha amháin leibhéil infheistíochta atá ró-íseal ó thaobh na sochaí de).

I mí Aibreáin 2023, d'fhormheas an Coimisiún beart cabhrach EUR 2.9 billiún ón bhFrainc chun tacú le STMicroelectronics agus GlobalFoundries i dtógáil saoráide nua monaraithe micrishliseanna sa Fhrainc[79]. Leis an mbeart sin, neartófar an tslándáil soláthair, an athléimneacht, agus an cheannasacht dhigiteach Eorpach i dteicneolaíochtaí leathsheoltóra, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna[80].

I mí an Mheithimh 2023, d'fhormheas an Coimisiún scéim Spáinneach dar luach EUR 680 milliún, a cistíodh le STA, chun trealamh agus bonneagar a leathadh amach le haghaidh líonraí neamhspleácha 5G ardfheidhmíochta i limistéir thuaithe a bhfuil easpa seirbhísí iontu[81].

I mí na Samhna 2023, d'fhormheas an Coimisiún cabhair dar luach EUR 172 mhilliún (lena n- áirítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) le haghaidh cur chun feidhme líonraí fosaithe sa Phortaingéil lena soláthraítear luas íoslódála 1 Gbps agus luas uaslódála 150 Mbps ar a laghad faoi ghnáthdhálaí buaic-ama i limistéir nach soláthraítear leis na líonraí luas íoslódála 100 Mbps ar a laghad faoi ghnáthdhálaí buaic-ama[82].

**IPCEI maidir le micrileictreonaic agus teicneolaíochtaí cumarsáide**

I mí an Mheithimh 2023, d'fhormheas an Coimisiún tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI) lena dtacaítear leis an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an gcéad chur chun feidhme tionsclaíoch de mhicrileictreonaic agus de theicneolaíochtaí cumarsáide ar fud an tslabhra luacha (IPCEI ME/CT)[83]. Soláthróidh 14 Bhallstát[84] suas le EUR 8.1 billiún i gcistiú poiblí, agus tá coinne leis go scaoilfear leis sin EUR 13.7 billiún breise in infheistíochtaí príobháideacha. Mar chuid de IPCEI, déanfaidh 56 chuideachta, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta ina measc, 68 dtionscadal. Tá na tionscadail sin ina gcuid d'éiceachóras níos leithne *IPCEI ME/CT* lena mbaineann níos mó ná 30 rannpháirtí gaolmhar, lena n- áirítear ollscoileanna, eagraíochtaí taighde agus cuideachtaí atá lonnaithe i gcúig Bhallstát breise den Aontas[85] agus san Iorua. Le *IPCEI MT/CT*, cumasaítear an t- aistriú glas agus

[78] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach.
[79] Cás SA.102430 – An Fhrainc *Project Liberty – Monarcha nua mhonaraíochta leathsheoltóirí ag STMicroelectronics agus GlobalFoundries.*
[80] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Gníomh um Shliseanna don Eoraip, COM(2022) 45 final.
[81] Cás SA.104933 – An Spáinn – *Tacaíocht le haghaidh threalamh agus bhonneagar 5G.*
[82] Cás SA.105187 – An Phortaingéil – *Cur chun feidhme líonraí rochtana fosaithe*.
[83] Cásanna SA.101202 (an Ostair), SA.101141 (an tSeicia), SA.101143 (an Fhionlainn), SA.101193 (an Fhrainc), SA.101129 (an Ghearmáin), SA.101210 (an Ghréig), SA.101151 (Éire), SA.101186 (an Iodáil) SA.101201 (Málta), SA.101171 (an Ísiltír), SA.101175 (an Pholainn), SA.101192 (an Rómáin), SA.101200 (an tSlóvaic) agus SA.101150 (an Spáinn).
[84] An Ostair, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn.
[85] An Bheilg, an Ungáir, an Laitvia, an Phortaingéil, agus an tSlóivéin.

an t-aistriú digiteach (i) trí réitigh nuálacha mhicrileictreonaice agus chumarsáide a chruthú, agus (ii) trí chórais leictreonaice agus modhanna monaraíochta a fhorbairt atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus tíosach ar acmhainní. Cuideoidh na tionscadail le cur chun cinn teicneolaíoch cuid mhór earnálacha, lena n- áirítear an chumarsáid (5G agus 6G), an tiomáint uathrialaitheach, an intleacht shaorga, agus an ríomhaireacht chandamach. Tacóidh siad freisin le cuideachtaí atá gníomhach i nginiúint agus i ndáileadh fuinnimh agus úsáidfear iad ina n- aistriú glas. Beartaítear na chéad táirgí a thabhairt isteach sa mhargadh in 2025 agus beartaítear an tionscadal foriomlán a thabhairt i gcrích in 2032. Meastar go gcruthófar thart ar 8 700 post díreach agus líon mór post indíreach le IPCEI ME/CT.

**IPCEI i néalteicneolaíochtaí agus in imeall-teicneolaíochtaí**

I mí na Nollag 2023, d'fhormheas an Coimisiún IPCEI chun tacú le taighde, le forbairt, agus leis an gcéad chur chun feidhme tionsclaíoch de néalteicneolaíochtaí agus imeall-teicneolaíochtaí ríomhaireachta ceannródaíocha thar an iliomad soláthraithe san Eoraip (*IPCEI CIS*)[86]. Soláthróidh seacht mBallstát[87] suas le EUR 1.2 billiún i gcistiú poiblí, agus tá coinne leis go scaoilfear leis sin EUR 1.4 billiún breise in infheistíochtaí príobháideacha. Mar chuid den IPCEI sin, déanfaidh 19 gcuideachta, FBManna ina measc, 19 dtionscadal an-nuálach. Tá IPCEI CIS ar an gcéad IPCEI i réimse na néalríomhaireachta agus na himeall-ríomhaireachta. Baineann sé le forbairt an chéad éiceachórais próiseála sonraí Eorpaigh atá idir-inoibritheach agus inrochtana go hoscailte, an contanam néal go himeall ilsoláthraí.

### *4.2 Chuidigh forfheidhmiú beartais iomaíochta leis an aistriú glas*

Cuidíonn an beartas iomaíochta le cuspóirí comhshaoil agus spriocanna aeráide an Aontais, mar shampla dícharbónú an gheilleagair, aistriú na hearnála iompair ó bhreoslaí iontaise go breoslaí malartacha, agus forbairt teicneolaíochtaí glana. Cuidíonn forfheidhmiú an dlí iomaíochta leis an gComhaontú Glas don Eoraip[88] trí mhargaí a choimeád éifeachtach, cóir agus nuálach. Ina theannta sin, cosnaíonn sé an saorshreabhadh acmhainní is gá le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh agus chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais.

#### *Chuidigh forfheidhmiú in aghaidh trustaí leis an aistriú glas*

Lean an Coimisiún in 2023 de bheart a dhéanamh in aghaidh iompraíocht fhrithiomaíoch sa mhargadh lena bhféadfaí bac a chur ar an aistriú glas.

I mí na Nollag 2023, ghearr an Coimisiún fíneáil iomlán EUR 47.7 milliún ar *Lantmännen ek för agus ar a fhochuideachta Lantmännen Biorefineries AB (ar a dtugtaí Lantmännen Agroetanol AB roimhe seo)* as bheith ag obair as lámh a chéile chun dul i gcion ar an sásra praghasmhúnlaithe le haghaidh eatánóil san Eoraip[89]. Ach eatánól a chumasc le peitreal, is féidir é a úsáid mar

---

[86] Cásanna SA.102498 (an Fhrainc), SA.102517 (an Ghearmáin), SA.102520 (an Ungáir), SA.102519 (an Iodáil), SA.102516 (an Ísiltír), SA.102527 (an Pholainn) agus SA.102514 (an Spáinn).
[87] An Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, agus an Spáinn.
[88] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.
[89] Cás AT.40054 – *Tagarmharcanna eatánóil*.

bhithbhreosla le haghaidh inneall. Réitigh an Coimisiún an cás leis an dara ball den chairtéal in 2021 agus chuir sé deireadh lena imscrúdú in aghaidh an bhaill amhrasta deiridh den chairtéal in 2023.

Lean an Coimisiún freisin dá imscrúduithe ar an tionscal scraithe sintéisí[90] agus ar chlaonpháirteachas féideartha a bhaineann le hathchúrsáil feithiclí paisinéirí a bhfuil a ré caite[91] chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar sháraigh na cuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha sin rialacha an Aontais in aghaidh trustaí.

### *Chuidigh rialú cumasc leis an aistriú glas*

Bhí an Coimisiún ar an airdeall i gcónaí in 2023 chun rialacha rialaithe cumasc a fhorfheidhmiú i margaí atá ríthábhachtach le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh agus baint amach spriocanna inbhuanaitheachta. D'fhéach an Coimisiún chuig an iomaíocht a chaomhnú ar theacht chun cinn cumhachta iomarcaí sa mhargadh, rioscaí foriaimh agus bacainní ar iontráil sa mhargadh. Agus é sin á dhéanamh, chuimhnigh an Coimisiún go comhsheasmhach ar ghnéithe inbhuanaitheachta de chumaisc in earnálacha amhail foinsí in-athnuaite fuinnimh, an bonneagar athchúrsála, an bonneagar gáis agus leictreachais, agus seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta.

I mí Feabhra 2023, d'fhormheas an Coimisiún éadáil *MBCC* ag *Sika* faoi réir coinníollacha[92]. Díríodh san imscrúdú ar thionchar an idirbhirt ar iarrachtaí an tionscail astaíochtaí carbóin ón táirgeadh coincréite a laghdú. Go háirithe, na meascáin cheimiceacha nuálacha a tháirgeann na páirtithe, féadfaidh siad cabhrú chun an cion ábhar atá dian ar charbón – amhail suimint – i meascáin choincréite a laghdú an oiread is féidir. Leis an idirbheart, mar a fógraíodh i dtosach é, laghdófaí go mór an iomaíocht sna margaí le haghaidh meascáin cheimiceacha agus meascáin choincréite. Chun dul i ngleic le hábhair imní an Choimisiúin, thairg Sika gnólachtaí meascán ceimiceach MBCC in LEE, san Astráil, i gCeanada, sa Nua-Shéalainn, san Eilvéis, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe a dhífheistiú. Leis an dífheistiú sin, baineadh na forluití cothrománacha idir na páirtithe i margaí meascán ceimiceach in LEE. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh ceannaitheoir an ghnólachta neamhspleách sin gníomhú mar fhórsa iomaíoch inmharthana ar bhonn fadtréimhseach.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhormheas an Coimisiún éadáil bheartaithe ghnó iompair ar talamh Thales (GTS) ag Hitachi Rail. Braitheann an formheas ar chomhlíontacht iomlán na ngealltanas a thairg Hitachi Rail, amhail díol ardán comharthaíochta príomhlíne Hitachi Rail sa Fhrainc agus sa Ghearmáin le haghaidh tionscadail chomhghlasála, forleagain agus athchomharthaíochta[93].

### *Chuidigh rialú státchabhrach leis an aistriú glas*

In 2023, d'fhormheas an Coimisiún roinnt bearta státchabhrach a beartaíodh chun tacú le haistriú glas an Aontais, trí thacú, mar shampla, leis an bhfuinneamh in-athnuaite, an dícharbónú tionsclaíoch agus an tsoghluaisteacht ghlan.

---

[90] Féach:https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_3133
[91] Féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_1765
[92] Cás M.10560 – *Sika / MBCC*.
[93] Cás M.10507 – *Hitachi Rail / Ground Transportation systems business of Thales.*

I mí Eanáir agus i mí na Nollag 2023, d'fhormheas an Coimisiún faoi CEEAG[94] dhá scéim de chuid na Danmhairge chun tacú le leathadh amach teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin[95, 96] lena ngabhann buiséad comhcheangailte EUR 1.45 billiún. Rannchuidíonn na bearta le baint amach spriocanna aeráide na Danmhairge agus an Chomhaontaithe Ghlais, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht faoi 2050.

I mí Feabhra 2023, d'fhormheas an Coimisiún faoi CEEAG beart EUR 2.08 billiún de chuid na Fraince chun tacú le giniúint fuinnimh ón ngaoth amach ón gcósta[97]. An mhí chéanna, d'fhormheas an Coimisiún scéim EUR 1.1 billiún de chuid na Gearmáine chun tacú le hoibreoirí iompair iarnróid a úsáideann tarraingt leictreach i gcomhthéacs arduithe tobanna ar phraghsanna leictreachais[98]. Rannchuideoidh an beart le háirithiú go mbeidh an earnáil iarnróid iomaíoch i gcónaí agus feidhmíocht chomhshaoil an iarnróid leictrigh a chaomhnú, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis an Choimisiúin um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[99] agus le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[100].

I mí na Bealtaine 2023, d'fhormheas an Coimisiún dhá scéim de chuid na hÍsiltíre lena mbaineann buiséad iomlán thart ar EUR 1.47 billiún arb é is aidhm dóibh an deascadh nítrigine a laghdú ar limistéir caomhantais dúlra[101].

I mí Lúnasa 2023, d'fhormheas an Coimisiún faoi CEEAG scéim státchabhrach EUR 350 milliún le haghaidh cur chun feidhme bonneagair athluchtaithe ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha feadh mhótarbhealaí na Gearmáine[102].

I mí na Nollag 2023, d'fhormheas an Coimisiún faoi CEEAG scéim EUR 17.7 billiún de chuid na hIodáile[103] lena dtacaítear le tógáil agus oibriú córas láraithe stórála leictreachais. Cuirfear an beart chun feidhme thar thréimhse 10 mbliana agus éascófar leis comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh i

---

94 Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoirlínte maidir le státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh, IO C 80, 18.2.2022, lch. 1.
95 Cás SA.102777 – An Danmhairg – *Scéim státchabhrach le haghaidh Gabháil agus Stóráil Carbóin*.
96 Cás SA.108284 – An Danmhairg – STA – *Scéim státchabhrach le haghaidh Gabháil agus Stóráil Carbóin.*
97 Cás SA.100269 – *An Fhrainc – Parc éolien flottant en mer dans une zone au large du sud de la Bretagne*.
98 Cás SA.105120 – *An Ghearmáin – Coscán leictreachais don iarnród – Teorannú sealadach costas ar mhéaduithe ar phraghsanna leictreachais – oibreoirí iompair iarnróid*.
99 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí, COM(2020) 789 final.
100 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.
101 Cás SA.106555 – An Ísiltír – *Scéim náisiúnta chun aonaid feirmeoireachta beostoic a dhúnadh arb é is aidhm di astaíochtaí nítrigine a laghdú*, agus Cás SA.106559 – An Ísiltír – *Scéim scoir náisiúnta ar shuíomhanna beostoic buaiclóid (LBV Plus)*.
102 Cás SA.105414, An Ghearmáin – *Scéim cabhrach le haghaidh bonneagar luchtaithe ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha feadh na mótarbhealaí sa Ghearmáin*.
103 Cás SA.104106 – An Iodáil – *Tacaíocht le haghaidh forbairt córais láraithe stórála fuinnimh san Iodáil.*

gcóras leictreachais na hIodáile, rud a rannchuideoidh, dá bhrí sin, le baint amach chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais.

In 2023, d'fhormheas an Coimisiún, faoi CEEAG agus faoi TCTF araon, roinnt bearta státchabhrach lena mbaineann méid foriomlán cabhrach thart ar EUR 9 mbilliún i roinnt Ballstát (an Spáinn, an Pholainn, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, agus an tSeicia) chun próisis táirgthe astaitheoirí móra tionsclaíocha gás ceaptha teasa a dhícharbónú, go príomha san earnáil cruach agus in earnálacha eile atá dian ar fhuinneamh freisin.[104]

In 2023, d'fhormheas an Coimisiún ocht scéim náisiúnta faoi roinn 2.8 TCTF, lenar bhain méid foriomlán cabhrach de thart ar EUR 9 mbilliún. Is é aidhm do na scéimeanna náisiúnta sin, i gcomhréir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, dlús a chur le hinfheistíochtaí in earnálacha atá straitéiseach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach (lena n- áirítear ceallraí, grianphainéil, tuirbíní gaoithe, teaschaidéil, leictrealóirí, agus trealamh gabhála agus stórála carbóin) sa Spáinn (EUR 2.5 billiún)[105], san Ungáir (EUR 2.4 billiún)[106], sa Ghearmáin (EUR 3 bhilliún)[107], sa tSlóvaic (EUR 1 bhilliún)[108], san Iodáil (EUR 100 milliún)[109], san Ostair (EUR 60 milliún)[110] agus sa Bheilg (EUR 50 milliún)[111].

### *4.3. Chuidigh beartas iomaíochta le geilleagar a fhóireann do dhaoine*

#### *Rannchuidiú bheartas iomaíochta an Aontais leis an nuálaíocht agus leis an gcothroime maidir le híocaíochtaí*

In 2023, lean an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Táillí Idirmhalartaithe[112]. Tugadh i gcrích staidéar ar fhorbairtí nua i margaí íocaíochta cártabhunaithe a bhaineann go príomha le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Táillí Idirmhalartaithe i mí na Nollag 2023. Thairis sin, d'fhoilsigh an Coimisiún glao oscailte ar

---

[104] Cás SA.104904 – An Spáinn – *ArcelorMittal Spain (Gijon)*, Cás SA.105006 – An Pholainn – *Cabhair STA do LOTOS Green H2 Sp. z o.o.*, Cás SA.104897 – An Bheilg – *Project ArcelorMittal (Gent)*, Cás SA.104903 – An Fhrainc – *ArcelorMittal France*, Cás SA.105244 – An Ghearmáin – *Cabhair do ThyssenKrupp le haghaidh tionscadal tkH2Steel*, Cás SA.104686 – An tSeicia – *TCTF: An Ciste don Nuachóiriú – Clár ENERG ETS.*

[105] Cás SA.107094, An Spáinn – STA – TCTF – Líne gníomhaíochta comhtháite maidir leis an slabhra luacha tionsclaíoch – Ceallraí; Cás SA.108653, An Spáinn. STA – TCTF – Scéim le haghaidh tionscadail trealaimh is gá le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach.

[106] Cás SA.107689, An Ungáir – TCTF – Scéim le haghaidh infheistíochtaí brostaithe in earnálacha atá straitéiseach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach.

[107] Cás SA.108068, An Ghearmáin – TCTF – Cabhair chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar glan-nialasach.

[108] Cás SA.109989, An tSlóvaic – TCTF – Scéim státchabhrach chun Cabhair Infheistíochta Urghnách a sholáthar in earnálacha atá straitéiseach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach.

[109] Cás SA.108953, An Iodáil – TCTF – STA – Scéim cabhrach infheistíochta le haghaidh táirgeadh leictrealóirí.

[110] Cás SA.109170, An Ostair – TCTF – Scéim le haghaidh infheistíochtaí brostaithe in earnálacha atá straitéiseach le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach.

[111] Cás SA.109169, An Bheilg – STA-TCTF: Dícharbónú cuideachtaí Vallúnacha – Feabhas a chur ar infheistíochtaí i slabhraí luacha a bhaineann leis an aistriú fuinnimh.

[112] Rialachán (AE) 2015/751 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.4.2015 maidir le táillí idirmhalartaithe ar idirbhearta íocaíochta cártabhunaithe, IO L 123, 19.5.2015, lch. 1.

thairiscintí le haghaidh staidéar ar an iomaíocht i seirbhísí íocaíochtaí ar líne i mí an Mheithimh 2023.

Ina teannta sin, rannchuidigh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta le hobair an Choimisiúin maidir le tionscnaimh rialála ar cuid iad de 'Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine' lena n- ailínítear iad le prionsabail an bheartais iomaíochta. Áiríodh leis an sruth oibre sin tograí ón gCoimisiún maidir leis an euro digiteach, rochtain ar shonraí airgeadais (Airgeadas Oscailte) agus íocaíochtaí (Baincéireacht Oscailte: athbhreithniú ar an dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta).

*Forfheidhmiú in aghaidh trustaí sna hearnálacha seirbhísí airgeadais agus árachais*

In 2023, lean an Coimisiún dá imscrúdú ar iompar Apple a bhaineann le seirbhísí íocaíochta móibílí. Ina Ráiteas Agóidí a eisíodh in 2022[113], chinn an Coimisiún go sealadach gur chuir *Apple* srian leis an iomaíocht trí mhí-úsáid a bhaint as a cheannasacht sa mhargadh tiachóige móibílí ar ghairis iOS, trí theorainn a chur leis an rochtain ar fheidhmiúlacht cumarsáide neasréimse (NFC) ar fhóin iPhone le haghaidh íocaíochtaí i siopaí agus, dá bhrí sin, an rochtain sin a thabhairt do Apple Pay amháin.

I mí na Samhna 2023, ghearr an Coimisiún fíneáil ar bhaill de chairtéal as trádáil bannaí áirithe a ainmnítear in euro[114].

I seirbhísí árachais sláinte taistil, rinne an Coimisiún imscrúdú ar shárú líomhnaithe ar dhlí na hiomaíochta ag an tSeicia. Reachtaíocht a ghlac an tSeicia lena mbronntar ar chuideachta phoiblí an ceart eisiach chun feidhmithe i margadh na Seicia le haghaidh seirbhísí árachais sláinte taistil i gcomhair eachtrannach, féadfaidh sé gur sárú é ar Airteagal 102 CFAE i gcomhar le hAirteagal 106 CFAE. Faoin gceart eisiach a bhronn an Stát, eisíodh soláthraithe árachais iomaíocha. Comhordaíodh imscrúdú Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta i ndlúthchomhar leis an imscrúdú a bhí ar siúl an tráth céanna ag an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (AS FOSMA). I mí Iúil 2023, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig an tSeicia, agus chinn sé gur sárú ar Airteagal 56 CFAE agus ar Threoir Shócmhainneacht II[115] é dlí na Seicia. Tar éis idirghabháil an Choimisiúin, leasaigh an tSeicia an reachtaíocht trí dheireadh a chur le ceart eisiach an ghnóthais phoiblí.

San árachas mótarfheithiclí, tar éis glacadh cinnidh ón gCoimisiún in 2022 maidir le coinníollacha rochtana ar chóras comhroinnte sonraí arna riar ag *Insurance Ireland,* lean an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht Insurance Ireland ó thaobh na ngealltanas ceangailteacha a rinne an chuideachta de[116]. Mar thoradh ar na gealltanais, tugadh rochtain do chuideachtaí nua ar Insurance Ireland agus ar an gcóras comhroinnte sonraí. Leanfaidh na gealltanais de bheith i bhfeidhm go dtí 2032.

---

[113] Cás AT.40452 – *Íocaíochtaí móibíleacha*, féach: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_2764

[114] Cás AT.40512 – *Bannaí a ainmnítear in euro (EDB).*

[115] Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atháráchais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (athmhúnlú) IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.

[116] Cás AT.40511 – *Insurance Ireland – Bunachar sonraí árachais agus coinníollacha maidir le rochtain*.

*Forfheidhmiú cumasc san earnáil seirbhísí airgeadais*

In 2023, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar chumaisc thar mhargaí seirbhísí airgeadais éagsúla, lena n- áirítear baincéireacht, árachas, seirbhísí íocaíochta, agus seirbhísí airgeadais speisialaithe eile.

An 25 Bealtaine 2023, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach an cumasc idir Credit Suisse agus UBS gan choinníoll[117]. Chinn an Coimisiún nach laghdófaí an iomaíocht go mór mar thoradh ar an gcumasc sna margaí ina bhfuil forluí idir gníomhaíochtaí na bpáirtithe laistigh den Aontas Eorpach. I ngeall ar na deacrachtaí airgeadais atá ag Credit Suisse, chinn an Coimisiún maolú ón oibleagáid neamhghníomhaíochta a thabhairt do na gnólachtaí atá ag cumasc, agus cheadaigh sé do UBS bearta áirithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear an t- idirbheart a thabhairt i gcrích.

In 2023, lean an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chumaisc sa tionscal seirbhísí airgeadais chun idirbhearta a shainaithint a bhféadfadh sé gur ghá iad a tharchur don Choimisiún faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle (an Rialachán AE um Chumaisc)[118]. I mí Lúnasa 2023, ghlac an Coimisiún le hiarrataí ó thrí Bhallstát agus ó thír CSTE amháin chun measúnú a dhéanamh ar éadáil bheartaithe ghnó Eorpach trádála agus imréitigh fuinnimh Nasdaq ag an European Energy Exchange AG. Maidir leis an gcumasc beartaithe, mheas an Coimisiún gur baineadh amach na critéir le haghaidh tarchuir faoi Airteagal 22 den Rialachán AE um Chumaisc. Go háirithe, comhcheanglaíodh leis an idirbheart an t- aon dá sholáthraí seirbhísí lena n- éascaítear trádáil ar mhalartán agus imréiteach ina dhiaidh sin de chonarthaí cumhachta Nordacha. Tá imscrúdú an Choimisiúin ar siúl i gcónaí[119].

*Forfheidhmiú státchabhrach san earnáil seirbhísí airgeadais*

I mí na Samhna 2023, d'fhormheas an Coimisiún leasú ar na bearta tacaíochta a formheasadh in 2022 chun tacú le réiteach Getin Noble Bank, ceann de na deich mbanc is mó sa Pholainn. Leis an mbeart tacaíochta leasaithe, éascaíodh díol droicheadbhainc a bunaíodh sa phróiseas réitigh. Bhí sé d'aidhm ag na bearta freisin an luach aisghabhála a uasmhéadú le haghaidh Chiste Réitigh na Polainne freisin trí phunann sócmhainní bearnaithe a bhaint as an mbanc[120].

Thairis sin, chuir an Coimisiún síneadh le scéimeanna áirithe trínar féidir leis na Ballstáit athstruchtúrú nó scor ordúil ón margadh a fhóirdheonú i gcás bainc anásta. I gcás na Polainne, d'údaraigh an Coimisiún an síneadh leis an scéim le haghaidh leachtú comhar creidmheasa (atá i bhfeidhm ó bhí mí Feabhra 2014 ann)[121] agus leis an scéim le haghaidh réiteach comharbhanc agus

---

[117] Cás M.11111 – *UBS / Credit Suisse.*
[118] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán CE um Chumaisc), IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.
[119] Cás M.11241 – *EEX / NASDAQ POWER*
[120] Cás SA.109418, *An Pholainn – Leasú ar an gcúnamh leachtach do Getin Noble S.A. atá i mbun réitigh (SA.100687).*
[121] Cás SA.108852 – *An Pholainn – An tríú síneadh déag le Scéim Leachtach Ordúil na gComhar Creidmheasa*.

banc beag tráchtála (atá i bhfeidhm ó bhí mí na Nollag 2016 ann) araon.[122] I gcás na hÉireann, d'údaraigh an Coimisiún dhá shíneadh leis an scéim athstruchtúrúcháin le haghaidh comhair chreidmheasa (atá i bhfeidhm ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2014 ann)[123] agus an síneadh leis an scéim foirceanta le haghaidh comhair chreidmheasa (atá i bhfeidhm ó bhí mí na Nollag 2011 ann)[124]. I gcás na Danmhairge, d'fhormheas an Coimisiún tabhairt isteach arís na scéime foirceanta le haghaidh bainc bheaga den dara huair.[125]

I mí na Samhna 2023, d'fhormheas an Coimisiún tabhairt isteach arís Hercules ar scéim cosanta sócmhainní sa Ghréig í[126]. Beidh an scéim a thabharfar isteach arís i bhfeidhm go dtí deireadh 2024 agus cabhrófar faoin scéim le bainc chun iasachtaí neamhthuillmheacha a urrúsú agus a bhaint dá gcláir chomhardaithe.

An 21 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh nua maidir le bearta FTID (Scéim Ráthaithe Taiscí) roimhe seo chun tacú le Banca Tercas[127]. Lean an cinneadh nua sin an neamhniú a rinneadh an Chúirt Bhreithiúnais[128] ar Chinneadh 2015 ón gCoimisiún[129]. Ina chinneadh nua, chinn an Coimisiún nach inleagtha ar an Iodáil an tacaíocht a deonaíodh do Banca Tercas faoi FTID agus dá bhrí sin nach státchabhair neamhdhleathach a bhí inti.

*Státchabhair san árachas*

I mí Feabhra 2023, d'fhormheas an Coimisiún Ciste Stáit de chuid na Fraince dar luach EUR 1.5 billiún a bunaíodh chun taistealaithe a chosaint i gcás ina dtiocfadh eagraithe taistil de bheith dócmhainneach[130]. Áiritheofar leis an gCiste go mbeidh cosaint leordhóthanach ag tomhaltóirí d'ainneoin cumhdach árachais neamhleordhóthanach a bheith á thairiscint uaireanta ag soláthraithe árachais príobháideacha, tar éis tionchar mór phaindéim COVID- 19 ar an earnáil turasóireachta.

*Státchabhair i ráthaíochtaí poiblí*

In 2023, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh maidir leis an tSlóvaic[131] agus leis an Danmhairg[132] faoin bhFógra Ráthaíochta[133]. Sna cinntí, d'fhormheas an Coimisiún modheolaíochtaí chun préimheanna

---

[122] Cás SA.108989 – *An Pholainn – An t- ochtú síneadh leis an scéim réitigh le haghaidh comharbhanc agus bainc bheaga thráchtála agus leasú ar na gealltanais arna dtairiscint*.
[123] Cás SA.106983 – Éire – *An 17ú Síneadh leis an Scéim Athstruchtúrúcháin agus Cobhsaíochta le haghaidh Earnáil na gComhar Creidmheasa*; Cás SA.109639 – Éire – *An 18ú Síneadh leis an Scéim Athstruchtúrúcháin agus Cobhsaíochta le haghaidh Earnáil na gComhar Creidmheasa*.
[124] Cás SA.107306 – Éire – *an 19ú Síneadh le Scéim Réitigh na gComhar Creidmheasa, 2023-2024*.
[125] Cás SA.106526 – An Danmhairg – *Síneadh le tabhairt isteach arís na scéime foirceanta le haghaidh bainc bheaga den dara huair*.
[126] Cás SA.109365 – An Ghréig – *Tabhairt isteach arís Scéim Hercules*.
[127] Cás SA.39451 – An Iodáil – *Banca Tercas.*
[128] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2.3.2021 i gCás C- 425/19 P, *An Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile agus Eile*, EU:C:2021:154.
[129] Cás SA.39451 – An Iodáil – *Banca Tercas.*
[130] SA.104022 – An Fhrainc – *Ciste ráthaíochta stáit le haghaidh oibreoirí taistil*.
[131] Cás SA.109147 – An tSlóvaic – *Comhchodanna státchabhrach sa soláthar ráthaíochtaí do FBManna a ríomh*.
[132] Cás SA.109413 – An Danmhairg – *Síneadh leis an modh ríofa agus leasú air le haghaidh scéim ráthaíochta na Danmhairge (SA.60070).*

ráthaíochta atá i gcomhréir leis an margadh a chinneadh. Úsáidtear na préimheanna sin mar thagairt agus an chomhchuid státchabhrach a áirítear i ráthaíochtaí poiblí á ríomh.

## 5. Tháinig uirlisí comhlántacha nua an Mhargaidh Aonair i bhfeidhm

### *5.1. An Gníomh um Margaí Digiteacha*

Reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach is ea an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA)[134] lena ndéantar oibleagáidí geatóirí mar a thugtar orthu a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Tá sé infheidhme ina iomláine ó bhí mí na Bealtaine 2023 ann. Is é is aidhm don Ghníomh an earnáil dhigiteach a dhéanamh níos inchoimhlinte agus deireadh a chur le cleachtais éagóracha ag cuideachtaí a ghníomhaíonn mar 'gheatóirí' sa gheilleagar ardán ar líne. D'fhéadfadh sé go mbeadh geatóir ábalta gníomhú mar rialaitheoir príobháideach *de facto*, agus gníomhú mar gheata idir úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh, rud a chuireann ar a chumas dó gabháil d'iompraíocht éagórach agus dochar a dhéanamh d'inchoimhlinteacht an mhargaidh.

I gcás ina gcomhlíonann ardán digiteach ar líne na tairseacha agus na critéir a leagtar amach sa Ghníomh, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chun é a ainmniú mar gheatóir[135]. Cuideachtaí a ainmnítear go foirmiúil mar gheatóirí, ní mór dóibh sraith oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán a chomhlíonadh[136]. I mí Aibreáin 2023, ghlac an Coimisiún rialacha cur chun feidhme ina leagtar amach an chaoi a ndéanfar nósanna imeachta áirithe faoin nGníomh[137].

---

133 Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí, IO C 155, 20.6.2008, lch. 10.

134 Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteacha), IO L 265, 12.10.2022, lch. 1.

135 Faoin nGníomh, meastar go mbeidh tionchar mór ag an ardán digiteach ar líne ar an Margadh Aonair má chomhlíontar na critéir charnacha seo a leanas: (1.) Maidir leis an ngeatóir measta, ní mór dó láimhdeachas EUR 7.5 billiún ar a laghad a ghiniúint ar fud an Aontais; ní mór meánchaipitliú margaidh os cionn EUR 75 bhilliún a bheith aige agus ní mór dó na croísheirbhísí ardáin céanna a sholáthar i dtrí Bhallstát ar a laghad. (2.) Feidhmíonn an geatóir measta seirbhís ardáin a oibríonn mar gheata le haghaidh úsáideoirí gnó chun dul i gcion ar úsáideoirí deiridh ag a bhfuil 45 mhilliún úsáideoir deiridh sa mhí ar a laghad agus íosmhéid 10 000 úsáideoir gnó gníomhach sa bhliain. (3.) Ní mór don gheatóir measta tairbhiú de shuíomh daingnithe inmharthana ar an margadh sna 3 bliana airgeadais seo a chuaigh thart.

136 Mar shampla, cuideachtaí a ainmnítear mar gheatóirí faoin nGníomh, ní mór dóibh a chur ar a gcumas do thríú páirtithe idir-oibriú le seirbhísí dílse an gheatóra i gcásanna sonracha áirithe; ní mór dóibh ligean dá n- úsáideoirí gnó rochtain a fháil ar na sonraí a ghineann siad agus an t- ardán á oibriú acu; ní mór dóibh a sholáthar d'fhógróirí ardáin na huirlisí agus an fhaisnéis is gá chun fógraí a óstálann an geatóir a fhíorú; ní mór dóibh ligean dá n- úsáideoirí gnó a dtairiscintí a chur chun cinn agus conarthaí a dhéanamh le custaiméirí lasmuigh d'ardán an gheatóra. Mar shampla tá toirmeasc ar gheatóirí ainmnithe caitheamh níos fabhraí lena dtáirgí agus lena seirbhísí féin san aicmiú ná táirgí agus seirbhísí cosúla nó táirgí arna dtairiscint ag tríú páirtithe; ní féidir leo cosc a chur ar thomhaltóirí nascadh le gnólachtaí lasmuigh dá n- ardáin; ní féidir leo cosc a chur ar úsáideoirí aon bhogearra nó feidhmchlár réamhshuiteáilte a dhíshuiteáil nó úsáideoirí deiridh a rianú lasmuigh den chroísheirbhís ardáin chun críche fógraíochta spriocdhírithe gan toiliú.

137 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2023 ar socruithe mionsonraithe maidir le himeachtaí áirithe a sheoladh ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 102, 17.4.2023, lch. 6.

D'ainmnigh an Coimisiún sé chuideachta mar gheatóirí i mí Mheán Fómhair 2023: *Alphabet*[138], *Amazon*[139], *Apple*[140], *ByteDance*[141], *Meta*[142], agus *Microsoft*[143]. San iomlán, ainmníodh 22 chroísheirbhís arna soláthar ag na geatóirí sin[144]. Le haghaidh trí chroísheirbhís ardáin (Gmail, Outlook.com agus Samsung Internet Browser), chinn an Coimisiún – cé go gcomhlíonann siad na tairseacha cainníochtúla faoin nGníomh chun cáiliú mar gheatóirí – go ndearna Alphabet, Microsoft agus Samsung argóintí cuí- réasúnaithe go leordhóthanach inar léiríodh nach gcáilíonn na seirbhísí sin mar gheatóirí le haghaidh a gcroísheirbhísí ardáin faoi seach.

I gcomhthráth leis na hainmnithe sin, chuir an Coimisiún tús i mí Mheán Fómhair 2023 le ceithre imscrúdú margaidh chun measúnú breise a dhéanamh ar aighneachtaí Microsoft agus Apple agus d'áitigh sé nach gcáilíonn cuid dá gcroísheirbhísí ardáin mar gheatóirí d'ainneoin go gcomhlíontar na tairseacha. I gcás Microsoft, is iad Bing, Edge agus Microsoft Advertising na hardáin sin, agus i gcás Apple is é iMessage atá ann. Is é is aidhm do na himscrúduithe sin a fháil amach ar cheart Microsoft agus Apple a ainmniú mar gheatóirí i ndáil leis na seirbhísí i gceist. Is é is aidhm do na himscrúduithe sin a fháil amach ar cheart na seirbhísí i gceist a ainmniú mar gheatóirí. Ba cheart go dtabharfaí na himscrúduithe i gcrích faoi mhí Feabhra 2024. Thairis sin, chuir an Coimisiún tús le himscrúdú margaidh chun measúnú breise a dhéanamh i dtaobh ar cheart Apple a ainmniú mar gheatóir i ndáil le iPadOS, a chóras oibriúcháin, d'ainneoin nach gcomhlíontar na tairseacha. Ba cheart go dtabharfaí an t- imscrúdú sin i gcrích faoi mhí Mheán Fómhair 2024.

Tar éis a n- ainmnithe, tá go dtí mí an Mhárta 2024 ag geatóirí liosta iomlán na nithe ar cheart a dhéanamh agus nár cheart a dhéanamh a chomhlíonadh faoin nGníomh. Mar sin féin, bhí feidhm ag cuid de na hoibleagáidí ó phointe an ainmniúcháin, mar shampla an oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le héadálacha beartaithe. Faoi mhí an Mhárta 2024, ní mór do gheatóirí tuarascálacha mionsonraithe ar an gcomhlíontacht a chur isteach ina dtugtar achoimre ar an gcaoi a gcomhlíonann siad oibleagáidí an Ghnímh. Chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh na n- oibleagáidí, féadfaidh an Coimisiún fíneálacha suas le 10 % de láimhdeachas domhanda na cuideachta a ghearradh. Thairis sin, i gcás neamhchomhlíonadh córasach, féadfar fíneálacha níos

[138] Cás DMA.100011 – *Alphabet – OIS Verticals*; Cás DMA.100002 – *Alphabet – OIS AppStores*; Cás DMA.100004 – *Alphabet – Innill chuardaigh ar líne*; Cás DMA.100005 – *Alphabet – Comhroinnt físeán*; Cás DMA.100006 – *Alphabet – Seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhriú*; Cás DMA.100009 – *Alphabet – Córais oibriúcháin*; Cás DMA.100008 – *Alphabet – Brabhsálaithe gréasáin*; Cás DMA.100010 – *Alphabet – Seirbhísí fógraíochta ar líne*.

[139] Cás DMA.100018 – *Amazon – Seirbhísí idirghabhála ar líne – margaí*; Cás DMA.100016 – *Amazon, Seirbhísí fógraíochta ar líne*.

[140] Cás DMA.100013 – *Apple – Seirbhísí idirghabhála ar líne – aipmhargaí*; Cás DMA.100025 – *Apple – córais oibriúcháin*; Cás DMA.100027 – *Apple – brabhsálaithe gréasáin*.

[141] Cás DMA.100040 – *ByteDance – Seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne*.

[142] Cás DMA.100020 – *Meta – Seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne*; Cás DMA.100024 – *Meta – Seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhriú*; Cás DMA.100035 – *Meta – Seirbhísí fógraíochta ar líne*; Cás DMA.100044 – *Meta – Seirbhísí idirghabhála ar líne – Marketplace*.

[143] Cás DMA.100017 – *Microsoft – seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne*; Cás DMA.100023 – *Microsoft – seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhriú*; Cás DMA.100026 – *Microsoft – córais oibriúcháin.*

[144] Foilsítear leaganacha neamhrúnda de chinntí an Choimisiúin ar leathanach an Choimisiúin maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha, féach: https://digital-markets-act-cases.ec.europa.eu/gatekeepers

airde a ghearradh agus leigheasanna comhréireacha iompraíochta nó struchtúracha a fhorchur ar chuideachtaí den sórt sin.

I mí na Samhna 2023, rinne trí gheatóir agóid in aghaidh a n- ainmnithe faoin nGníomh. Rinne ByteDance achomharc chun na Cúirte Ginearálta in aghaidh chinneadh an Choimisiúin é a ainmniú mar gheatóir i ndáil lena sheirbhís líonra shóisialta ar líne TikTok[145]. Áitíonn an chuideachta nach ngníomhaíonn ardán TikTok mar gheatóir ach ina ionad sin gur iomaitheoir sa spás digiteach é. Rinne ByteDance iarratas ar bhearta eatramhacha roimh an gCúirt Ghinearálta freisin i mí na Nollag 2023. Rinne Apple achomharc chun na Cúirte Ginearálta, agus d'áitigh sé nár cheart don Choimisiún é a ainmniú mar gheatóir i ndáil le App Store[146], a sheirbhís idirghabhála ar líne. Rinne Apple achomharc freisin in aghaidh chinneadh an Choimisiúin tús a chur le himscrúdú margaidh ar sheirbhís iMessage dá chuid[147]. Ar deireadh, rinne Meta achomharc chun na Cúirte Ginearálta chun soiléirithe a lorg maidir lena ainmniú i ndáil le Messenger agus Marketplace[148].

Is é an Coimisiún (agus Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta chun tosaigh) príomh-fhorfheidhmitheoir an Ghnímh um Margaí Digiteacha, ach oibríonn sé i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis Iomaíochta Náisiúnta laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 38 den Ghníomh. Tá na rialacha sa Ghníomh gan dochar d'fhorfheidhmiú rialacha iomaíochta an Aontais agus rialacha iomaíochta náisiúnta maidir le hiompar aontaobhach.

### *5.2. An Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha*

Leis an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (FSR)[149], dúntar bearna rialála, rud a fhágann gur féidir dul i ngleic le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an iomaíocht sa Mhargadh Aonair. Cé go mbíonn an státchabhair a dheonaíonn Ballstáit an Aontais faoi réir rialacha an Aontais maidir le státchabhair, ní dhearnadh grinnscrúdú roimh theacht i bhfeidhm FSR ar fhóirdheontais a dheonaíonn tíortha lasmuigh den Aontas do ghnóthais aonair atá gníomhach i Margadh Aonair an Aontais. Tháinig FSR i bhfeidhm i mí Eanáir 2023, tá feidhm aige ó mhí Iúil 2023, agus tá feidhm ag an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt[150] ó bhí mí Dheireadh

[145] Cás T-1077/23 – Bytedance v an Coimisiún.
[146] Cás T-1080/23 – Apple v an Coimisiún – Ainmniú mar Gheatóir agus Aicmiú iMessage.
[147] Cás T-1079/23 – Apple v an Coimisiún – Imscrúdú Margaidh i ndáil le iMessage.
[148] Cás T-1078/23 – Meta Platforms v an Coimisiún.
[149] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.
[150] Faoi FSR, ní mór fógra a thabhairt faoi chomhchruinnithe i gcás ina bhfuil an chuideachta a fuarthas, ceann de na páirtithe atá i mbun cumaisc, nó an comhfhiontar bunaithe san Aontas agus ina ngineann sé láimhdeachas EUR 500 milliún ar a laghad san Aontas agus i gcás inar deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha comhiomlána comhcheangailte dar luach EUR 50 milliún ar a laghad do na páirtithe san idirbheart sna 3 bliana seo a chuaigh thart. Ní mór fógra faoi nósanna imeachta soláthair phoiblí a thabhairt don Choimisiún, i gcás inarb é EUR 250 milliún ar a laghad luach measta an chonartha, agus i gcás ina gcuimsítear leis an tairiscint ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha comhiomlána comhcheangailte dar luach EUR 4 mhilliún ar a laghad in aghaidh an tríú tír sna 3 bliana seo a chuaigh thart.

Fómhair 2023 ann. I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme FSR[151]. Tá sé ar a chumas don Choimisiún anois imscrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí saobhacha arb é tacaíocht ó Stát eachtrach is cúis leo agus iad a chúiteamh de réir mar is iomchuí. Áirítear leis sin an chumhacht chun tús a chur le himscrúduithe féintionscnaimh más rud é gur ann do chomharthaí go saobhann fóirdheontas eachtrach Margadh Aonair an Aontais.

Ní féidir cumasc ar tugadh fógra ina leith a thabhairt i gcrích agus ní féidir an conradh soláthair phoiblí a dhámhachtain do thairgeoir ar a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha suas le 10 % de láimhdeachas bliantúil na cuideachta a ghearradh i gcás nach gcomhlíontar an oibleagáid sin. Is féidir leis an gCoimisiún toirmeasc a chur ar chomhchruinniú fóirdheonaithe a thabhairt i gcrích nó ar chonradh soláthair phoiblí a dhámhachtain do thairgeoir fóirdheonaithe freisin.

Tar éis thús a fheidhme i mí Iúil 2023, fuair an Coimisiún aighneachtaí ó ghnóthais maidir le cur i bhfeidhm FSR. Ó cuireadh tús leis an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2023, chuir Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta tús le pléití réamhfhógra in 41 chás agus fuair an Ard-Stiúrthóireacht 11 fhógra maidir le cumasc faoi FSR.[152]




*Foinse: an Coimisiún Eorpach.*

[151] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 177, 12.7.2023, lch. 1. Cumhdaítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme gnéithe nós imeachta agus tá foirmeacha fógra ann le haghaidh idirbhearta cumaisc lena ngabhann ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha agus le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

[152] Maidir le forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha i ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí, féach: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/public-procurement/foreign-subsidies-regulation_ga.

## 6. Tionchar an bheartais státchabhrach ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais

- Fréamhaítear an tsamhail Eorpach i ngeilleagar sóisialta margaidh láidir, lena soláthraítear rathúnas eacnamaíoch cuimsitheach bunaithe ar fhás inbhuanaithe, iomaíocht chóir, trádáil oscailte agus slándáil eacnamaíoch. Tá an Margadh Aonair ag croílár iomaíochas an Aontais agus tá an Coimisiún tiomanta do chothrom na Féinne a áirithiú sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain.

- Ina fhianaise sin, cuireadh na rialacha maidir le státchabhair trí phróiseas athbhreithniúcháin domhain le linn na mandáide seo lena áirithiú go bhfuil siad oiriúnach don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus go rannchuidíonn siad le geilleagar iomaíoch athléimneach san Aontas. Tugadh na rialacha cothrom le dáta i gcás inarbh ábhartha agus soláthraítear leo uirlisí éifeachtacha le haghaidh na mBallstát chun dul i ngleic le riachtanais infheistíochta poiblí le haghaidh príomhthosaíochtaí amhail cosaint an chomhshaoil agus dícharbónú, comhtháthú réigiúnach, nuálaíocht cheannródaíoch, agus le haghaidh acmhainneacht mhonaraíochta in earnálacha straitéiseacha, go háirithe le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach. Léirítear leis na sonraí is úire atá ar fáil gur eisíoc na Ballstáit státchabhair (neamh-ghéarchéime) de EUR 112 bhilliún in 2022, rud a chomhfhreagraíonn do 0.7 % de OTI an Aontais.
- Mar thoradh ar na géarchéimeanna nach bhfacthas a leithéid roimhe seo de dheasca phaindéim COVID- 19 chomh maith le hionradh na Rúise ar an Úcráin, ba ghá don Choimisiún leas a bhaint as solúbthacht iomlán an bhosca uirlisí státchabhrach, go háirithe trí rialacha spriocdhírithe agus sealadacha, le cur ar a gcumas do na Ballstáit teorainn a chur le tionchar na ngéarchéimeanna ar gheilleagar an Aontais, agus coimircí a chur i bhfeidhm chun an Margadh Aonair a chosaint.

- Léirítear sna sonraí agus san anailís ar chur chun feidhme iarbhír Chreat Sealadach COVID-19 (atá céimnithe amach go hiomlán anois) gurbh ísle go mór an státchabhair a dheonaigh gach Ballstát ná na méideanna a formheasadh (timpeall 30 %) agus gur chomhfhreagraigh sé sin cuid mhór don damáiste eacnamaíoch a bhain don Bhallstát le linn na géarchéime i dtéarmaí caillteanas ó thaobh OTI de.

- Léirítear leis na sonraí is úire atá ar fáil gur dheonaigh na Ballstáit cabhair ghéarchéime de EUR 141 bhilliún in 2022 agus sa chéad leath de 2023, a chomhfhreagraíonn do 0.6 % de OTI an Aontais sa tréimhse sin, chun teorainn a chur le tionchar eacnamaíoch ionradh na Rúise ar an Úcráin. Léirítear leis na sonraí atá ar fáil faoi láthair gur dheonaigh na Ballstáit níos lú ná 20 % de na méideanna a formheasadh. Is ann d'éagsúlachtaí sa chaiteachas idir na Ballstáit, agus is dócha gur léiriú é sin go páirteach ar acmhainneacht fhioscach éagsúil, ach d'fhéadfadh sé gurb iad éagsúlachtaí ó thaobh thionchar na géarchéime fuinnimh agus mhéid na ngeilleagar is cúis leo go páirteach freisin.

- Ar deireadh, le pointe 86 sa Chreat Sealadach Géarchéime (agus Aistrithe) (TCTF), cuirtear ar bhealach úsáideach leis an mbosca uirlisí chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar glan-nialasach agus chun dul i ngleic le rioscaí go ndéanfaí infheistíochtaí nua in earnálacha straitéiseacha le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar glan-nialasach a aistriú amach as an Aontas i bhfabhar tríú tíortha i ngeall ar fhóirdheontais. Leis an bhforáil sin, ceadaítear cabhair aonair suas le méid an fhóirdheontais a d'fhéadfadh an tairbhí a fháil ar infheistíocht choibhéiseach i

ndlínse tríú tír lasmuigh de LEE, nó leis an méid is gá chun an chuideachta a spreagadh chun an infheistíocht a lonnú in LEE (an 'bhearna chistiúcháin' mar a thugtar air), cibé acu is ísle.

- Bíonn an Coimisiún ag saothrú de shíor lena áirithiú go mbíonn na rialacha státchabhrach oiriúnach dá bhfeidhm i gcónaí agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme beart cabhrach, agus é d'aidhm acu tacaíocht phoiblí a chumasú atá spriocdhírithe go maith le haghaidh thosaíochtaí agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais, chomh maith le bearta sealadacha chun dul i ngleic le géarchéimeanna, agus teorainn á cur le saobhadh míchuí ó thaobh iomaíochta de sa Mhargadh Aonair.

Chun cothroime agus feidhmiú ceart an Mhargaidh Aonair a chosaint, toirmisctear go ginearálta le CFAE státchabhair ó na Ballstáit a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht. Áirithítear leis an rialú státchabhrach gur ann don iomaíocht idir cuideachtaí de bhua tuillteanas seachas bunaithe ar an leibhéal tacaíochta ón rialtas, agus ar an gcaoi sin seachnaítear rásaí fóirdheontais agus tús áite a thabhairt do chuideachtaí ó Bhallstáit ar mó na hacmhainní atá acu. An tráth céanna, bíonn gá le hidirghabhálacha rialtais in imthosca áirithe le haghaidh geilleagar cothromasach dea-fheidhmiúil. Dá bhrí sin, is ann do neart solúbthachta faoi CFAE go dtacódh an státchabhair le cuspóirí beartais, ach í a bheith riachtanach, comhréireach agus iomchuí chun na cuspóirí sin a bhaint amach gan saobhadh míchuí ar an iomaíocht sa Mhargadh Aonair. Ach díriú ar chabhair atá dlisteanach agus éifeachtach agus róchúiteamh a sheachaint, déantar an úsáid a bhaintear as acmhainní poiblí teoranta a uasmhéadú le rialú státchabhrach freisin.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, mheabhraigh an Chomhairle Eorpach an cuireadh a thug sí don Choimisiún tuairisciú don Chomhairle maidir le tionchar an bheartais státchabhrach reatha ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais. Go deimhin, agus meastóireacht á déanamh ar thionchar an bheartais státchabhrach, tá sé ríthábhachtach cuimhneamh ar an dúshlán dúbailte atá ann ó pheirspictíocht inmheánach agus sheachtrach. Ní mór don rialú státchabhrach a mhandáid a chomhlíonadh chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht laistigh den Mhargadh Aonair a sheachaint, agus ligean do gheilleagar an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta i gcónaí agus a bheith chun tosaigh sa dá aistriú sa timpeallacht gheopholaitiúil dhúshlánach atá i réim faoi láthair.

Bailíonn an Coimisiún sonraí go tráthrialta agus go leanúnach ar chur chun feidhme beart státchabhrach ag Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar a thionchar:

- Ar an gcéad dul síos, ullmhaíonn an Coimisiún **'Scórchlár na Státchabhrach'** bunaithe ar shonraí arna gcur isteach ag na Ballstáit[153] maidir lena gcaiteachas (i.e. méideanna arna n- eisíoc) faoi bhearta cabhrach formheasta, lena n- áirítear cainníochtú ar chomhchuid cabhrach an chaiteachais, i.e. an buntáiste a dheonaítear leis an gcabhair[154]. Cumhdaítear 2022 leis na sonraí is úire.

[153] Bunaítear an fhaisnéis ar an tuairisciú bliantúil a dhéanann na Ballstáit de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) 794/2004 ón gCoimisiún. Is iad na Ballstáit atá freagrach as cruinneas na sonraí i gcónaí.

[154] Braitheann an chomhchuid cabhrach ar chineál na cabhrach. Maidir le deontais, an buntáiste a chuirtear ar aghaidh chuig an tairbhí, comhfhreagraíonn sé don chaiteachas buiséadach go hiondúil. Maidir le hionstraimí

- Ar an dara dul síos, i bhfianaise na méideanna móra cabhrach a eisíocadh i ngéarchéimeanna le déanaí, i.e. i gcomhthéacs phaindéim COVID- 19 agus mar fhreagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, sheol an Coimisiún ar bhonn eisceachtúil **suirbhéanna tréimhsiúla chun faisnéis thráthúil a bhailiú ar an gcabhair arna deonú iarbhír** (i.e. méideanna a bhfuair cuideachtaí teidlíocht dhlíthiúil ina leith, cé go bhféadfaí iad a eisíoc le himeacht ama) ag na Ballstáit faoi bhearta géarchéime formheasta. Cumhdaítear leis an suirbhé is úire 2022 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2023. Cé go gceanglaítear ar na Ballstáit, i gcomhthéacs an tuairiscithe bhliantúil, cainníochtú a sholáthar ar na comhchodanna cabhrach, mar fhreagairt ar na suirbhéanna sin i ndáil le géarchéimeanna, tuairiscíonn na Ballstáit ar mhéideanna ainmniúla na cabhrach a dheonaítear, chun an bailiú sonraí a shimpliú agus chun an t- ualach riaracháin a laghdú.

## *6.1 Pictiúr foriomlán d'eisíoc státchabhrach de chabhair ghéarchéime agus neamh-ghéarchéime in 2022*


De réir na dtuarascálacha bliantúla is déanaí ó na Ballstáit, in 2022, d'eisíoc na 27 mBallstát EUR 227.98 billiún, méid a chomhfhreagraíonn do 1.43 % dá OTI in 2022, ar státchabhair le haghaidh bearta neamh-ghéarchéime agus géarchéime (bunaítear na cinn deiridh sin go príomha ar an gCreat Sealadach Géarchéime chun freagairt d'fhogha na Rúise faoin Úcráin).

Laghdaítear go mór an caiteachas iomlán le hais na bliana roimhe sin (laghdú thart ar 35 % tar éis coigeartú a dhéanamh don bhoilsciú). Ar an gcéad dul síos, spreagadh an laghdú go príomha leis an laghdú ar an gcaiteachas iomlán le haghaidh bhearta COVID- 19 i bhfianaise chéimniú amach Chreat Sealadach COVID- 19 faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2022. B'fhiú thart ar EUR 76.66 billiún an laghdú ar bhearta COVID- 19 (thart ar -60 % le hais na bliana roimhe, tar éis coigeartú a dhéanamh don bhoilsciú), agus 0.48 % de OTI AE27 atá i gceist. Ar an dara dul síos, tháinig laghdú mór, thart ar 28 %, ar an gcabhair le haghaidh cuspóirí neamh-ghéarchéime ó thart ar EUR 155.55 billiún (i bpraghsanna tairiseacha) in 2021 go EUR 112 bhilliún in 2022 (tugtar sonraí breise thíos).

*Tábla 1: Caiteachas iomlán státchabhrach, comhchodanna cabhrach mar chéatadán de OTI, miondealú idir bearta státchabhrach a bhaineann le COVID- 19, bearta státchabhrach a bhaineann le TCF agus bearta státchabhrach neamh-ghéarchéime*

---

cabhrach eile, d'fhéadfadh an buntáiste don tairbhí agus an costas ar an rialtas a bheith éagsúil. I gcás ráthaíochtaí, mar shampla, seachnaíonn an tairbhí an riosca a bhaineann leis an ráthaíocht, mar is é an Stát a iompraíonn an riosca sin. Ba cheart iompar riosca den sórt sin ag an Stát a chúiteamh le préimh iomchuí go hiondúil. I gcás ina ndéanann an Stát préimh den sórt sin ina hiomláine nó cuid di a ligean uaidh, is é an chomhchuid cabhrach atá i gceist.





I dtéarmaí coibhneasta, nuair a fhéachtar ar dháileadh an chaiteachais státchabhrach (géarchéime agus neamh-ghéarchéime) ar leibhéal na mBallstát mar chion de OTI náisiúnta, is ann d'inathraitheacht mhór sa chaiteachas ó Bhallstát go chéile, cé gur tháinig laghdú mór air sin i gcomparáid le 2021. Na Ballstáit ag a raibh an caiteachas ba mhó, chaith siad thart ar 1.8-2.1 % dá OTI náisiúnta (an Ungáir agus an Ghearmáin), agus na Ballstáit ag a raibh an caiteachas ba lú, chaith siad thart ar 0.3 %-0.6 % dá OTI náisiúnta (Éire, an Chipir, agus Lucsamburg).

Is é an pictiúr foriomlán a fhaightear ó na sonraí sin, d'ainneoin difríochtaí móra a bheith idir na méideanna cabhrach arna n- eisíoc ag na Ballstáit (agus, ní nach ionadh, is iad na Ballstáit mhóra a eisíocann na méideanna cabhrach is mó i ndearbhthéarmaí), gur caolchúisí an pictiúr nuair a fhéachtar ar an gcaiteachas státchabhrach coibhneasta i gcomparáid le OTI.


Thairis sin, baineann cuid mhór den chaiteachas sa Ghearmáin in 2022 le cabhair ghéarchéime le haghaidh cás *ad hoc* lenar bhain dhá fhóntas fuinnimh shistéamacha a raibh tacaíocht phoiblí de dhíth orthu tar éis an tsuaite ar sholáthairtí gáis mar thoradh ar chogadh na Rúise san Úcráin (tugtar sonraí breise thíos).

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhféadfadh sé gur dheonaigh Ballstáit tacaíocht mhór dá ngeilleagar agus dá dteaghlaigh trí bhearta – neamh-státchabhrach – eile. Ciallaíonn sé sin go bhfuil difríocht idir an tacaíocht fhoriomlán le geilleagair agus le teaghlaigh agus na sonraí a dhíorthaítear ó na tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit a luaitear thuas ina dtagraítear go heisiach d'eisíocaíochtaí faoi bhearta a cháilíonn mar státchabhair.

*Tábla 2: Caiteachas iomlán státchabhrach de réir an Bhallstáit in 2022, comhchodanna cabhrach in EUR billiún, miondealú idir bearta státchabhrach a bhaineann le COVID- 19, bearta státchabhrach a bhaineann le TCF agus bearta státchabhrach neamh-ghéarchéime*


Iomlán an chaiteachais státchabhrach in EUR billiún
Iomlán
Státchabhair nach mbaineann le géarchéim
Státchabhair a bhaineann le COVID-19
Státchabhair a bhaineann leis an gcreat sealadach géarchéime
0
10
20
30
40
50
60
70
DE FR IT ES NL AT PL BE DK SE RO CZ HU EL FI PT IE SK BG LT HR LU SI LV EE MT CY

*Tábla 3: Caiteachas iomlán státchabhrach de réir an Bhallstáit, mar chéatadán de OTI náisiúnta 2022, miondealú idir bearta státchabhrach a bhaineann le COVID- 19, bearta státchabhrach a bhaineann le TCF agus bearta státchabhrach (neamh-ghéarchéime) eile*





Má dhírítear ar **chabhair neamh-ghéarchéime in 2022**, i gcomparáid le 2021, tháinig laghdú ar an méid a d'eisíoc na Ballstáit i dtéarmaí ainmniúla in 20 Ballstát. Ba shuntasach go háirithe an laghdú sa Ghearmáin (-59 % i dtéarmaí ainmniúla, coigeartaithe don bhoilsciú), sa Chróit (-52 %) agus i Málta (-50 %), agus sa Bhulgáir, sa Laitvia, in Lucsamburg, agus san Ungáir, inar tháinig laghdú thart ar 40 % air. Chonacthas laghdú substaintiúil, os cionn 20 %, sa Pholainn agus sa Liotuáin freisin (thart ar -28 % sa dá thír) agus san Eastóin (-22 %). Tháinig laghdú ar an gcabhair neamh-ghéarchéime freisin san Fhionlainn (-18 %), sa tSlóivéin (-17 %), sa tSeicia (-14 %), san Ísiltír agus san Ostair (-12 % sa dá thír), sa Fhrainc agus sa Chipir (-11 %), in Éirinn (-9 %), sa Bheilg agus san Iodáil (-6 %).

Os a choinne sin, tháinig méadú substaintiúil ar an gcabhair neamh-ghéarchéime sa Phortaingéil (+66 % i dtéarmaí ainmniúla, coigeartaithe don bhoilsciú), sa Danmhairg (+44 %) agus sa Spáinn (+30 %). Sa tSlóvaic, tháinig méadú 14 % ar an gcabhair neamh-ghéarchéime i gcomparáid le 2021, agus ba ann do mhéadú 4 % sa Ghréig. Thuairiscigh an Rómáin agus an tSualainn an leibhéal céanna tacaíochta le haghaidh bearta neamh-ghéarchéime in 2021 agus 2022.


Ar an iomlán, is cosúil gur laghdú ar an gcabhair a eisíocadh le haghaidh chosaint an chomhshaoil, lena n- áirítear le haghaidh coigilteas fuinnimh, ó thart ar EUR 77.3 billiún in 2021 go EUR 41.5 billiún in 2022, ba mhó a spreag an laghdú ar an státchabhair neamh-ghéarchéime. Tá gá le hanailís bhreise, ach d'fhéadfaí an laghdú a mhíniú go pointe áirithe leis na roghanna malartacha a sholáthraítear leis an gCreat Sealadach Géarchéime, a tugadh isteach i mí an Mhárta 2022, agus leis na leasuithe air ina dhiaidh sin, lenar cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit cabhair a sholáthar chun dlús a chur le leathnú amach fuinnimh in-athnuaite agus cabhrach le haghaidh dícharbónú próiseas tionsclaíoch. Mar sin féin, léirítear leis na sonraí (féach Tábla 4) go bhfuil cabhair a eisíoctar le haghaidh chosaint an chomhshaoil ar an gcatagóir is mó státchabhrach neamh-ghéarchéime go mór

fada agus go bhfuil sé idir ceithre oiread agus dhá oiread níos airde i gcónaí fiú le linn géarchéime ná mar a bhí 10 mbliana ó shin (i bpraghsanna tairiseacha, coigeartaithe don bhoilsciú).


*Tábla 4: Caiteachas státchabhrach gan cabhair ghéarchéime san áireamh idir 2012 agus 2022, comhchodanna cabhrach in EUR billiún i bpraghsanna tairiseacha, miondealú de réir chuspóir na cabhrach*



*Tábla 5: Caiteachas státchabhrach neamh-ghéarchéime, miondealú de réir chuspóir na cabhrach*



*Tábla 6: Caiteachas iomlán státchabhrach de réir an Bhallstáit, i méideanna ainmniúla (EUR billiún i bpraghsanna tairiseacha), miondealú idir bearta státchabhrach a bhaineann le COVID- 19, bearta státchabhrach a bhaineann le TCF agus bearta státchabhrach (neamh-ghéarchéime) eile, 2012-2022 (bunaítear ord na mBallstát ar an gcaiteachas carnach)*



### *6.2 Úsáid ríthábhachtach fhaichilleach státchabhrach le linn géarchéimeanna*

I ngeall ar na géarchéimeanna iomadúla le roinnt blianta anuas, baineadh leas fairsing as na féidearthachtaí a leagtar amach in CFAE chun státchabhair a cheadú i 'dtarluithe eisceachtúla' nó 'chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas'. Leis na forálacha sin, cuireadh ar a chumas don Choimisiún, mar shampla, bearta státchabhrach a fhormheas chun dul i ngleic le hiarmhairtí phaindéim COVID- 19 ar an ngeilleagar agus, níos déanaí fós, leis an ngéarchéim fuinnimh a d'eascair as ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine (faoin gCreat Sealadach Géarchéime – TCF – agus ina dhiaidh sin faoin gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe – TCTF, a dtugtar TC(T)F orthu le chéile).

Chun forléargas a fháil ar an gcabhair a deonaíodh faoi **Chreat Sealadach COVID- 19**, rinne an Coimisiún suirbhéanna lenar cumhdaíodh an tréimhse idir mí an Mhárta 2020, tráth a tháinig an Creat i bhfeidhm, agus deireadh 2021. San fhianaise a bailíodh ar chur chun feidhme iarbhír an Chreata, léiríodh go raibh an státchabhair a dheonaigh gach Ballstát (EUR 940 billiún, cothrom le thart ar 30 % de na méideanna formheasta, i.e. EUR 3.1 trilliún) ag teacht leis an damáiste eacnamaíoch a bhain don Bhallstát le linn na géarchéime i dtéarmaí caillteanas ó thaobh OTI de.[155] Ábhar faoisimh a bhí ann sin i bhfianaise ábhair imní feideartha maidir le cothrom na Féinne ó Bhallstát go chéile i ngeall ar inathraitheacht mhór ó Bhallstát go chéile. Tá Creat Sealadach COVID- 19 céimnithe amach ina iomláine anois.

Ar an gcuma chéanna, chun forléargas a fháil ar an gcabhair a deonaíodh faoi **TC(T)F nó i gcomhréir lena phrionsabail**, rinne an Coimisiún suirbhéanna lenar cumhdaíodh an tréimhse idir mí an Mhárta 2022, tráth a tháinig TCF i bhfeidhm, agus mí an Mheithimh 2023 (ní ann do shonraí leordhóthanacha le haghaidh an dara leath de 2023). Le linn na tréimhse sin, d'fhormheas an Coimisiún státchabhair dar luach beagnach EUR 730 billiún faoi TC(T)F nó i gcomhréir leis na prionsabail chéanna. Léirítear leis an ionchur a bailíodh ó na Ballstáit sna suirbhéanna gur deonaíodh EUR 141 bhilliún iarbhír do chuideachtaí, agus nach bhfuil sa mhéid sin ach 19.3 % den chabhair a formheasadh agus a chomhfhreagraíonn do 0.6 % de OTI an Aontais in 2022 agus sa chéad leath de 2023[156]. Is fiú a shonrú go bhféadfadh na Ballstáit méid iomlán na cabhrach a dheonú go foirmiúil ag am ar leith in aon bhliain amháin ach an chabhair a chur ar fáil do na tairbhithe thar roinnt blianta (rud a fhágann go bhféadfadh sé nár íocadh na méideanna (ina n- iomláine) in 2022 ná sa chéad leath de 2023).

Le linn na tréimhse i gceist, dheonaigh an Ghearmáin EUR 72.8 billiún, is é sin 52 % den EUR 141 bhilliún, agus ina dhiaidh sin dheonaigh an Iodáil EUR 39.2 billiún agus dheonaigh an Spáinn EUR 12.1 billiún. I ndearbhthéarmaí, na trí thír ba mhó a chaith airgead, ba iad a dheonaigh


---

[155] Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Achoimre ar Bheartas *Looking back at the State aid COVID Temporary Framework: the take-up of measures in the EU* [Súil siar ar an gCreat Sealadach Covid um Státchabhair: glacadh beart san Aontas] dar dáta Deireadh Fómhair 2022 atá le fáil anseo.


[156] Réamhfhaisnéis atá san fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún agus féadfaidh sé go gceartóidh na Ballstáit na sonraí.

88 % den chabhair uile. I dtéarmaí coibhneasta, an Ungáir a bhí ar an tír ba mhó a chaith airgead, agus dheonaigh sí méid a chomhfhreagraíonn do 1.35 % dá OTI in 2022 agus sa chéad leath de 2023. An Iodáil a bhí ar an dara tír ba mhó a chaith airgead i dtéarmaí coibhneasta (1.32 % de OTI), agus ina dhiaidh sin bhí an Ghearmáin (1.23 % de OTI) agus an Rómáin (0.85 % de OTI).

*Tábla 7: Státchabhair a deonaíodh i méideanna ainmniúla go dtí mí an Mheithimh 2023 faoi TC(T)F nó bunaithe ar a phrionsabail i ndearbhmhéideanna (an chairt ar chlé) agus mar chéatadán de OTI náisiúnta (an chairt ar dheis)*




An státchabhair iomlán a deonaíodh faoi TC(T)F nó bunaithe ar a phrionsabail in EUR billiún (luachanna carnacha)




An státchabhair iomlán a deonaíodh faoi TC(T)F nó bunaithe ar a phrionsabail in % de 2022 + leath de OTI 2023

Má fhéachtar níos grinne ar an gcabhair a dheonaigh an Ghearmáin, deonaíodh 85 % den mhéid iomlán do dhá thairbhí: cumhdaítear leis an gcabhair athchaipitlithe Uniper SE (EUR 33 bhilliún) agus SEFE GmbH (EUR 6.5 billiún) agus iasachtaí agus iasachtaí fóirdheonaithe a cuireadh ar fáil don dá chuideachta sin faoi bhratscéim Ghearmánach (línte creidmheasa EUR 16 bhilliún agus EUR 7 mbilliún faoi seach[157], agus d'fhéadfadh sé nár tarraingíodh anuas iad). Bhí gá leis na hidirghabhálacha sin chun cliseadh an dá fhóntas fuinnimh shistéamacha sin a sheachaint ar fóntais iad a raibh conarthaí fadtéarmacha amuigh acu nárbh fhéidir leo iad a chomhlíonadh a thuilleadh tar éis an laghdaithe ollmhóir a rinne an Rúis ar sholáthairtí gáis chun na Gearmáine. I bhfianaise a suímh shistéamaigh ar an margadh, bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ag a gcliseadh ar a

[157] Laghdaíodh méid na línte creidmheasa i ngeall ar dhálaí feabhsaithe an mhargaidh.

gcustaiméirí agus, níos ginearálta, ar mhargadh fuinnimh na Gearmáine agus ar an margadh fuinnimh Eorpach chomh maith.

Thairis sin, ba cheart na figiúirí sin ón suirbhé a léamh gan dearmad a dhéanamh ar roinnt breithnithe breise. Tagraítear leo go heisiach do bhearta a cháilíonn mar státchabhair agus ar tugadh fógra fúthu don Choimisiún agus ar fhormheas an Coimisiún iad. Thairis sin, is é atá iontu an méid ainmniúil státchabhrach a deonaíodh le hionstraimí éagsúla (mar shampla, deontais dhíreacha, cothromas, iasachtaí agus ráthaíochtaí), a mbíonn tionchair shaobhacha éagsúla acu ar an iomaíocht. Nuair a fhéachtar ar an gcabhair a deonaíodh trí ionstraimí éagsúla, ba cheart comhchodanna cabhrach a chur san áireamh, mar léirítear leo an buntáiste iarbhír a tugadh don ghnóthas agus féadfaidh sé gur méadrach níos fearr atá iontu chun comparáid chothrom a dhéanamh ar chabhair arna deonú trí ionstraimí in-aisíoctha agus neamh-in-aisíoctha. Tá an scéal amhlaidh mar is iondúil a bhíonn ionstraimí neamh-in-aisíoctha, amhail deontais, níos saobhaí ar an iomaíocht i gcomparáid le hionstraimí in-aisíoctha amhail ráthaíochtaí nó iasachtaí ar lacáiste.

Is féidir an chomhchuid cabhrach a mheas ar bhealaí éagsúla ag brath ar an gcineál ionstraime: maidir le hionstraimí neamh-in-aisíoctha, an buntáiste a chuirtear ar aghaidh chuig an tairbhí, comhfhreagraíonn sé go hiondúil don mhéid ainmniúil, arb é sin an caiteachas buiséadach féin. Maidir le hionstraimí in-aisíoctha, d'fhéadfadh an buntáiste don ghnóthas agus an costas ar an rialtas a bheith éagsúil. Is ísle (go mór fada) an chomhchuid cabhrach, agus an caiteachas buiséadach, ná an méid ainmniúil go hiondúil. Maidir le hionstraimí cabhrach amhail iasachtaí nó ráthaíochtaí, is é atá sa bhuntáiste don ghnóthas agus sa chostas ar an rialtas faoi seach an ráta úis níos ísle agus an táille ráthaíochta laghdaithe arna íoc iarbhír ag an ngnóthas i gcomparáid leis an táille a bheadh le híoc ag luachanna margaidh.

I ndáil leis sin, agus na comhchodanna cabhrach measta á gcur san áireamh, dheonaigh an Ghearmáin thart ar 0.9 % dá OTI do 2022 agus don chéad leath de 2023, i bhfoirm idirghabhálacha cothromais go príomha, agus arís go háirithe le haghaidh athchaipitlithe na soláthróirí fuinnimh shistéamacha Uniper agus SEFE (55 % d'iomlán na cabhrach a deonaíodh). Ar na tíortha is mó a dheonaigh státchabhair ina dhiaidh sin, tá an Ungáir (thart ar 0.68 % dá OTI féin), an Spáinn (0.45 %) agus an Phortaingéil (0.41 %). Dheonaigh an Iodáil agus an Rómáin cion níos lú dá OTI faoi seach nuair a fhéachtar ar chomhchodanna cabhrach, rud a léiríonn an úsáid mhór ionstraimí in-aisíoctha, ráthaíochtaí go príomha.

De bhreis air sin, rinne na Ballstáit bearta cothrománacha faoin mbeartas fioscach a chur chun feidhme chun tionchar praghsanna arda fuinnimh a mhaolú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Is bearta iad sin nach gcáilíonn mar státchabhair den chuid is mó. Bunaithe ar na meastacháin i Réamhaisnéis Eacnamaíoch an fhómhair ón gCoimisiún[158], in 2023, thart ar EUR 165 bhilliún a bhí i

---

[158] Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais den Choimisiún Eorpach (2023), *European Economic Forecast, Autumn 2023* [Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eorpach, Fómhar 2023]. Le fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/document/download/4139ef72-9eb3-4fad-a116-ee87979f4d35_en?filename=ip258_en.pdf. Léirítear leis an tionchar buiséadach na bearta a cuireadh i bhfeidhm nó a

nglanchostas buiséadach na mbeart fuinnimh sin[159], méid a chomhfhreagraíonn do 0.97 % de OTI AE27, síos ó EUR 195 bhilliún agus 1.2 % de OTI AE27 in 2022.

I ndearbhthéarmaí, na bearta a chuir an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil i bhfeidhm, ba acu a bhí an glanchostas buiséadach ba mhó in 2023, de EUR 59.4 billiún, EUR 22.8 billiún agus EUR 21.4 billiún faoi seach, agus tá na méideanna sin le chéile cothrom le 63 % de na bearta fioscacha fuinnimh uile san Aontas (thart ar 36 %, 14 % agus 13 % faoi seach de chaiteachas iomlán an Aontais ar bhearta fioscacha fuinnimh). Ina ndiaidh sin, tá an Spáinn, agus EUR 13.5 billiún (8 % den iomlán) aici, agus an Ísiltír agus EUR 10.6 billiún (6 % den iomlán) aici. I ngach Ballstát eile, bhí an glanchostas buiséadach idir 3 % (an Pholainn) agus 0.01 % (an Ghréig) de chaiteachas iomlán an Aontais ar bhearta fioscacha fuinnimh.

I dtéarmaí coibhneasta, mar chion dá OTI in 2023, bhain an glanchostas buiséadach ab airde leis na bearta a chuir an tSlóvaic, an Chróit agus Málta i bhfeidhm (1.89 %, 1.77 % agus 1.6 %. faoi seach). An Ostair (1.56 %) agus an Ghearmáin (1.45 %) atá ina ndiaidh. Bhí costas buiséad os cionn mheán AE27 (0.97 %) ag an Ungáir (1.34 %), ag an bPortaingéil (1.25 %), ag an tSeicia (1.18 %), ag an Iodáil (1.04 %) agus ag an Ísiltír (1.03 %).

Ó pheirspictíocht mhaicreacnamaíoch, ba ann do roinnt mhaith tosca casta dinimiciúla sna blianta seo a chuaigh thart. Mhaolaigh paindéim COVID- 19 de réir a chéile agus cuireadh deireadh le srianta, agus an tráth céanna chuaigh fogha na Rúise faoin Úcráin in olcas, agus tháinig méadú ar an teannas geopholaitiúil mar thoradh ar an ngéarchéim a d'eascair as sin agus mar thoradh ar an riosca go rachadh cúrsaí sa Mheánoirthear in olcas. Bhí impleachtaí móra ag na himeachtaí sin ar dhálaí eacnamaíocha san Aontas agus ina Bhallstáit. De réir Réamhaisnéis Eacnamaíoch an gheimhridh ón gCoimisiún in 2024[160], ba lú an fás san Aontas agus sa limistéar euro araon ná mar a raibh coinne leis (0.5 % in 2023, laghdú beag ar an 0.6 % a réamh-mheasadh i Réamhaisnéis an fhómhair roimhe sin). Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, baineann fás measartha na bliana seo a chuaigh thart cuid mhór le neart an téarnaimh eacnamaíoch tar éis na paindéime sa 2 bhliain roimhe sin, agus ba thapúla an meath ar bhoilsciú príomha in 2023 ná mar a raibh coinne leis, agus is iad praghsanna fuinnimh atá ag laghdú is cúis leis sin cuid mhór.

Na tosca sin agus neamhchosaint geilleagair Ballstáit faoi seach, bhí impleachtaí móra acu dá bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus freisin do chur chun feidhme beart státchabhrach a glacadh mar fhreagairt orthu sin agus do mheastóireacht ar na bearta sin. I measc na mBallstát a dheonaigh na méideanna ba mhó cabhrach i dtéarmaí coibhneasta nó i dtéarmaí comhchodanna cabhrach measta,

---

fógraíodh roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. I gcás na Slóvaice, tugadh na meastacháin réamhaisnéise chun dáta tar éis chur isteach Dhréachtphlean Buiséadach 2024 an 12 Nollaig 2023.

[159] Chun críocha na meastachán sin, sainmhínítear 'bearta fuinnimh' mar a leanas: (1) bearta a bhfuil tionchar díreach acu ar chostas imeallach tomhaltais fuinnimh do theaghlaigh agus/nó do ghnólachtaí ('bearta praghais'); (2a) bearta lena dtugtar tacaíocht ioncaim shealadach do theaghlaigh; (2b) bearta lena dtugtar cúiteamh do ghnólachtaí seachas bearta praghais (an dá 'bheart ioncaim'); agus (3) ioncam ó chuideachtaí fuinnimh (cánacha nó tobhaigh nua ar bhrabúis amhantair).

[160]*European Economic Forecast – Winter 2024* [Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eorpach – Geimhreadh 2024], Páipéar Institiúideach 268, Feabhra 2024

tháinig crapadh ar gheilleagair na Gearmáine agus na hUngáire de bheagán in 2023 (le 0.3 % agus 0.8 % faoi seach), agus bhí fás os cionn an mheáin (2.5 %) sa Spáinn. Ar an gcuma chéanna, i measc na mBallstát a dheonaigh an méid ba lú cabhrach i dtéarmaí coibhneasta nó i dtéarmaí comhchodanna cabhrach measta, bhí meánfhás (0.5 %) sa Danmhairg agus bhí fás os cionn an mheáin (2.4 %) sa Chipir, ach tháinig crapadh 3.5 % ar gheilleagar na hEastóine. Léirítear leis sin nach féidir fiú teacht ar chonclúidí sealadacha maidir le tionchar na státchabhrach, nuair a fhéachtar uirthi aisti féin, ar fhás OTI, mar cuirtear an tionchar sin le chéile le héifeachtaí tosca iomadúla eile, agus cuirtear san áireamh ilchineálacht agus éiginnteacht an chomhthéacs i ngach Ballstát.

Léirítear leis an anailís thuas agus leis na sonraí a chuirtear i láthair a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar thionchar na cabhrach géarchéime níos faide ná na ‘figiúirí ceannlíne’, ach léirítear freisin an easpa sonraí ag an gcéim seo chun measúnú a dhéanamh ar chomhghaolta nó ar chúisíocht. D’fhéadfadh sé go raibh íogaireachtaí éagsúla ó thaobh fuinnimh de mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin, geilleagair a bhí struchtúrtha ar bhealaí éagsúla – go háirithe i dtéarmaí mhéid nó thábhacht an tionscail throm nó an tionscail dianfhuinnimh – agus/nó earnálacha fuinnimh a bhí struchtúrtha ar bhealaí éagsúla ag na Ballstáit. Thairis sin, d’fhéadfadh cumas na mBallstát tacú le cuideachtaí a bheith an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. Cé go bhformheastar státchabhair faoi réir coimircí soiléire lena áirithiú go bhfuil sí riachtanach agus comhréireach agus nach saobhtar an iomaíocht go míchuí léi, ba cheart rialacha sealadacha a chéimniú amach a luaithe a bheidh údar leis sin i ngeall ar dhálaí an mhargaidh. Is ar an gcúis sin atá na ranna géarchéime eile in TCTF le dul in éag i mí an Mheithimh 2024.

### *6.3 An t- aistriú digiteach agus an t- aistriú glas agus tosaíochtaí eile an Aontais a shaothrú*

Cé go bhféadfaidh ról tábhachtach a bheith ag an Stát chun na himthosca iomchuí a chruthú sa gheilleagar leis an iomaíochas a sholáthar, ní fhéadfaidh státchabhair a bheith i gceist le roinnt mhaith dá ngníomhaíochtaí chuige sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, agus is iondúil nach leor bearta státchabhrach astu féin ina leith sin.

É sin ráite, tá roinnt mhaith féidearthachtaí ag baint le rialacha státchabhrach le gur féidir leis na Ballstáit cuspóirí beartais lena dtacaítear le geilleagar cothromasach dea-fheidhmiúil a chomhlíonadh, agus dul i ngleic le teipeanna margaidh. I ndáil leis sin, féachadh leis an athbhreithniú ar rialacha státchabhrach lena áirithiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus ailínítear iad le cuspóirí glasa, digiteacha agus athléimneachta an Aontais.

Faoi dheireadh 2023, thug an Coimisiún i gcrích an t- athbhreithniú ar beagnach gach mór-threoirlíne maidir le státchabhair. Sonraítear sna treoirlínte athbhreithnithe an chaoi ar féidir leis na Ballstáit tacú lena ngeilleagair, go háirithe chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa

agus digiteacha, gan an iomaíocht a shaobhadh go míchuí sa Mhargadh Aonair agus cur leis an iomaíochas domhanda san am céanna[161].

- Chun tacú leis an **aistriú glas**, leis na Treoirlínte maidir leis an Aeráid, Cosaint an Chomhshaoil agus Cúnamh Fuinnimh (CEEAG) agus na Treoracha maidir le státchabhair CTA, éascaítear cabhair chun an geilleagar a ghlasú i gcomhréir le Comhaontú Glas an Aontais, agus cabhraítear an tráth céanna chun iomaíochas gheilleagar an Aontais a chosaint. Cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit leo tacú le leathadh amach na giniúna fuinnimh in-athnuaite, an táirgeadh tionsclaíoch a dhícharbónú, agus tacú le húsáideoirí atá dian ar fhuinneamh faoi réir iomaíocht idirnáisiúnta.
- Féadfaidh na Ballstáit a mbearta tacaíochta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, stóráil agus dhícharbónú an tionscail a dhearadh freisin faoi TCTF. Is é is aidhm do na rialacha sin borradh práinneach a chur faoi leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite agus próiseas táirgthe dícharbónaithe agus chun dlús a chur leo. Ní mór na scéimeanna tacaíochta a bhunú agus an chabhair a dheonú faoi 2025, ach féadfar an chabhair a eisíoc sna blianta ina dhiaidh sin freisin. Cuirfear bonn eolais faoi mhachnaimh bhreise amach anseo leis an taithí ar an gcreat simplithe sin.
- Freagraíonn rialacha státchabhrach do **dhúshláin iomaíochais dhomhanda** freisin: mar shampla, le TCTF, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit scéimeanna simplí éifeachtacha a bhunú chun tacú le táirgeadh trealaimh straitéisigh a bhfuil gá leis le haghaidh an aistrithe ghlan-nialasaigh (mar atá ceallraí, grianphainéil, tuirbíní gaoithe, teaschaidéil, leictrealóirí, agus trealamh le haghaidh gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus le haghaidh táirgeadh príomh-chomhpháirteanna agus le haghaidh táirgeadh agus athchúrsáil amhábhar criticiúil gaolmhar).
- I gcás inarb an do riosca iarbhír go ndéanfaí infheistíochtaí i dtrealamh straitéiseach den sórt sin a aistriú amach as an Aontas i ngeall ar fhóirdheontais i dtríú dlínsí, féadfaidh na Ballstáit státchabhair a sholáthar suas le méid na tacaíochta atá ar fáil le haghaidh infheistíocht choibhéiseach sa suíomh malartach, nó leis an méid is gá chun an chuideachta a spreagadh chun an infheistíocht a lonnú in LEE (an ‘bhearna chistiúcháin’ mar a thugtar air), cibé acu is ísle.
- Tá ról bunúsach ag rialacha státchabhrach an Aontais freisin chun tacú leis an **aistriú digiteach**. Mar shampla, ailínítear na Treoirlínte nua maidir le Leathanbhanda leis na forbairtí margaidh agus teicneolaíochta is úire, lena n- áirítear líonraí fíor-ardacmhainneachta agus cur chun feidhme 5G. Thairis sin, i bhfianaise ábharthacht straitéiseach ollmhór leathsheoltóirí, rinne an Coimisiún critéir a leagan amach chun státchabhair a fhormheas suas

[161] Féadfaidh an Coimisiún cabhair a fhormheas go heisceachtúil lasmuigh de na treoirlínte agus go díreach faoi CFAE freisin. Cuir i gcás, an 27 Iúil 2023, d’fhormheas an Coimisiún beart cabhrach EUR 28.8 milliún na hOstaire chun tacú le nuachóiriú láithreáin táirgthe peinicilline de chuid Sandoz GmbH sa Tioróil, rud a chabhróidh leis an táirgeadh deiridh lán-chomhtháite amocsaicilline a choinneáil ar bun san Aontas, ar rud é a rannchuideoidh le slándáil an tsoláthair cógas fíor-riachtanach chun beatha daoine a shábháil, féach Cás SA.62915, An Ostair – Cabhair chun táirgeadh peinicilline Sandoz a choinneáil ar bun in Kundl (an Tioróil).

leis an mbearna chistiúcháin chun saoráidí ceannródaíocha a shainmhínítear sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna a bhunú san Aontas.

- Sampla eile is ea iad na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach (RAG), lena dtacaítear le **hinfheistíochtaí i réigiúin bheagfhorbartha** den Aontas, lena n- áirítear le haghaidh cuspóirí glasa agus digiteacha. In 2021, chuir an Coimisiún leis na huasteorainneacha cabhrach foriomlána chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Digití, lena gcumasaítear, ar an gcaoi sin, dreasachtaí breise le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin i limistéir den Aontas atá faoi mhíbhuntáiste.
- Ar deireadh, is uirlis thábhachtach ó thaobh na státchabhrach de iad **Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEI)**, agus áirithítear leo go ndéantar teicneolaíochtaí úrscothacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme san Aontas. Le IPCEInna, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit acmhainní Stáit in earnálacha straitéiseacha agus teicneolaíochtaí ar mhaithe le leas an Aontais i gcoitinne a chur le chéile i gcás nach mbaintear amach torthaí leis an margadh amháin, mar shampla an mhicrileictreonaic, an hidrigin, agus néalseirbhísí. Cumasaítear le IPCEInna gníomhaíochtaí nuálacha taighde agus forbartha ar gníomhaíochtaí iad atá straitéiseach agus trasteorann agus a ndeartar go comhpháirteach iad, mar aon lena gcéad chur chun feidhme tionsclaíoch. Cumasaítear leo tionscadail bonneagair oscailte freisin. Gineann na tionscnaimh sin éifeachtaí seach-iarmharta nach beag ar fud an Aontais freisin. Le leasú 2023 ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER), d’éascaigh an Coimisiún freisin an fhéidearthacht go mbeadh FBManna rannpháirteach in IPCEInna den sórt sin.

Dá bhrí sin, in 2022, luach EUR 106.85 billiún san iomlán a bhí ar an gcabhair thionsclaíoch[162], lena n- áirítear cabhair bunaithe ar na treoirlínte a luaitear thuas, agus thart ar 0.26 % de OTI an Aontais atá ann agus comhfhreagraíonn sé do EUR 238 *per capita* san Aontas. Ar an gcabhair sin, mar a luaitear thuas, cabhair a eisíocadh le haghaidh chosaint an chomhshaoil, lena n- áirítear le haghaidh coigilteas fuinnimh, a bhí ar an bpríomhchuspóir beartais sna 10 mbliana seo a chuaigh thart agus luach EUR 41.5 billiún a bhí uirthi in 2022, agus is é sin 38.8 % den chabhair thionsclaíoch iomlán, thart ar 0.1 % de OTI an Aontais, agus comhfhreagraíonn sé do EUR 92 *per capita*. Thairis sin, luach EUR 1.04 billiún a bhí ar an gcabhair a eisíocadh faoi bhearta IPCEI in 2022, agus luach EUR 262 mhilliún a bhí ar an gcabhair infheistíochta faoi RAG chun tacú leis an earnáil ceallraí.

I dtéarmaí próisis, formhór na mbeart státchabhrach nach dócha go mbeadh imní fúthu ó thaobh na hiomaíochta de, féadfaidh na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm go díreach bunaithe ar na critéir in GBER, gan gá le fógra roimh ré a thabhairt don Choimisiún ná le formheas roimh ré a fháil uaidh. In 2022, rinne na Ballstáit 2203 bheart a chur chun feidhme faoi bhlocdhíolúintí státchabhrach, a

---

[162] Tagraíonn cabhair thionsclaíoch do chaiteachas státchabhrach, i gcomhchuid cabhrach, in 2022 mar a thuairiscítear i dtuarascálacha bliantúla, cé is moite de státchabhair lena mbaineann na cuspóirí beartais seo a leanas: ‘Cultúr’, ‘Caomhnú na hoidhreachta’ agus ‘Cúiteamh ar dhamáiste a tharlaíonn de dheasca tubaistí nádúrtha’. Eisiatar ón anailís freisin cabhair ghéarchéime, i.e. caiteachas státchabhrach a soláthraíodh i gcomhthéacs ghéarchéim COVID- 19 agus caiteachas státchabhrach mar fhreagairt ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

chomhfhreagraíonn do 84 % de gach beart státchabhrach nua agus 93 % de bhearta nua, má chuirtear as an áireamh bearta géarchéime (atá bunaithe ar fhógraí faoi Chreat Sealadach COVID- 19 agus TC(T)F, nó bunaithe ar a bprionsabail). Meastar go leanfar den treocht sin in 2024 mar thoradh ar ghlacadh leasaithe spriocdhírithe ar GBER i mí an Mheithimh 2023, lena simplítear a thuilleadh an tacaíocht le haghaidh aistrithe glasa agus digiteacha an Aontais agus lena gcuirtear dlús breise leo.

### *6.4 Margadh Aonair dea-fheidhmiúil a chosaint ar mhaithe le geilleagar iomaíoch san Aontas*

Mar a léirítear sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar thionscnaimh bheartais an Aontais chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana a chur chun cinn[163] i mí Dheireadh Fómhair 2023, tá an tAontas ag stiúradh an aistrithe ghlais san Aontas féin agus ar fud an domhain, a bhuí le gníomhaíochtaí cinntitheacha a glacadh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, go háirithe ó thaobh beartas státchabhrach de. Le linn na mandáide seo, bhain an Coimisiún úsáid as solúbthacht ionsuite na rialacha státchabhrach chun oiriúnú do riachtanais na mBallstát agus na gcuideachtaí, le cur ar a chumas do gheilleagar an Aontais na haistrithe glasa agus digiteacha a thapú agus freagairt ar ghéarchéimeanna, agus coimircí á gcur i bhfeidhm san am céanna chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht a sheachaint agus cothrom na Féinne a chaomhnú laistigh den Mhargadh Aonair.

Go deimhin, tá an Coimisiún tiomanta do chothrom na Féinne a áirithiú sa Mhargadh Aonair ó pheirspictíocht inmheánach agus sheachtrach araon. I gcás ina saobhtar an iomaíocht de dheasca fóirdheontais eachtracha chun dochair d’iomaitheoirí agus do thomhaltóirí, úsáidfidh an Coimisiún a uirlisí amhail ionstraimí cosanta trádála agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (FSR), i gcás inarb iomchuí. Tháinig FSR i bhfeidhm an 12 Iúil 2023 agus tá teachtaireacht láidir ann: tá geilleagar an Aontais ar oscailt le haghaidh trádála agus infheistíochta, ach ní dhéanfar dochar dó ná ní bhéarfar buntáiste air de dheasca fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an Margadh Aonair.

An tráth céanna, cé go bhfuil cláir shuntasacha chabhrach á gcur chun feidhme ag tríú tíortha freisin, amhail Acht na Stát Aontaithe um Boilsciú a Laghdú, is neamhchonclúideach na sonraí atá ar fáil go dtí seo maidir lena thionchar ar gheilleagar an Aontais. Ní féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí coincréiteacha ABL ar infheistíocht an Aontais ach amháin san fhadtéarma mar gheall ar thimthriallta infheistíochta fadtéarmacha agus sócmhainní caipitil fadtéarmacha thionscal na teicneolaíochta glaine.

Is amhlaidh atá freisin toisc nach féidir an t- iomaíochas a thógáil ar fhóirdheontais amháin. Ní ann d’aon chomhghaol follasach idir an fheidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán agus na fóirdheontais a dheonaítear. Is iomaí toisc eile atá i gceist, amhail an nuálaíocht, an chostéifeachtúlacht agus an caipiteal daonna. Ní mór do chuideachtaí a mhothú gur gá dóibh a bheith nuálach, teacht ar réitigh níos éifeachtúla, agus infheistíocht a dhéanamh. Ach an beartas iomaíochta a fhorfheidhmiú go héifeachtach, spreagtar gnólachtaí chun bheith nuálach agus chun infheistíocht a dhéanamh agus áirithítear gurb iad na gnólachtaí sin a thairgeann na táirgí is fearr do thomhaltóirí ar phraghsanna

[163] COM(2023) 684 final

inacmhainne na gnólachtaí a n- éiríonn leo. Ar leibhéal na sochaí, ba cheart coinne a bheith ag gnólachtaí le hinstitiúidí agus údaráis phoiblí atá iontaofa agus trédhearcach, creat cobhsaí maicreacnamaíoch agus rialála, deimhneacht dhlíthiúil, rochtain ar na scileanna is gá agus ar bhonneagar ar ardchaighdeán, ar nithe iad uile a thacaíonn le timpeallacht ghnó atá fabhrach d'infheistíochtaí.

Is é sin atá á thairiscint sa Mhargadh Aonair, mar aon le ceann de na limistéir margaidh chomhtháite is mó ar domhan. Agus is as sin a d'eascair a iomaíochas. Ní éacht statach atá sa Mhargadh Aonair, mar sin féin. Bíonn sláinte agus iomaíochas gheilleagar an Aontais ag brath ar iarrachtaí comhpháirteacha leanúnacha chun an Margadh Aonair a choinneáil ar bun agus chun a áirithiú go mbíonn sé ailínithe le réaltachtaí eacnamaíocha i gcónaí. Chun an EUR 650 billiún a sholáthar a bhfuil gá leis gach bliain le haghaidh an dá aistriú agus le haghaidh ár n- athléimneachta eacnamaíche[164] – ní mór d'infheistíochtaí teacht ón earnáil phríobháideach go príomha, gan beann ar acmhainneacht fhioscach na mBallstát. Thairis sin, tá gá le cistiú ón Aontas i gcónaí chun dul i ngleic le riachtanais mhaoiniúcháin agus ilroinnt an Mhargaidh Aonair de dhroim leibhéil éagsúla tacaíochta státchabhrach (sealadaí) náisiúnta á seachaint san am céanna, agus chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú. Go háirithe, ní mór dul i ngleic leis na bacainní atá ar an trádáil éifeachtach sa Mhargadh Aonair agus ar fud an Mhargaidh Aonair i gcónaí lena chur ar a gcumas do chuideachtaí tairbhiú d'acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair.[165]

## 7. Tionchar an fhorfheidhmithe iomaíochta ar chustaiméirí a thomhas


Measann Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta go bhfuil luach EUR 145-250 billiún ar choigilteas díreach custaiméirí a gineadh le forfheidhmiú in aghaidh trustaí agus forfheidhmiú cumasc an Choimisiúin thar an tréimhse 2012-2022. Ar an meán, ghin forfheidhmiú in aghaidh trustaí agus forfheidhmiú cumasc thart ar EUR 13 bhilliún go EUR 23 bhilliún i dtairbhí díreacha do chustaiméirí in aghaidh na bliana. Áirítear freisin ar thairbhí foriomlána an fhorfheidhmithe iomaíochta do chustaiméirí éifeachtaí indíreacha nó díspreagthacha an fhorfheidhmithe chomh maith le héifeachtaí dearfacha ar an nuálaíocht agus ar an gcáilíocht. Is deacra na héifeachtaí sin a chainníochtú nó a mheas, ach is dócha gur mó iad ná an coigilteas díreach do chustaiméirí. Le samhaltú comhlántach a rinneadh le déanaí ar éifeachtaí maicreacnamaíocha an fhorfheidhmithe iomaíochta, maidir leis an bhforfheidhmiú in aghaidh trustaí agus leis an bhforfheidhmiú cumasc den sórt sin atá á dhéanamh ag

[164] Na riachtanais infheistíochta breise foriomláine chun cuspóirí an dá aistriú a chomhlíonadh, measadh iad ar luach thart ar EUR 650 billiún in aghaidh na bliana ó 2022 agus 2030, féach https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategicplanning/strategic-foresight/2022-strategic-foresightreport_en#:~:text=It%20is%20estimated%2C%20at%20lower,regions%20in%20Europe%20and%20beyond, agus https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/qanda_23_3194.

[165] In COM(2024)77 – Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024', sholáthair an Coimisiún anailís ar an Margadh Aonair agus ar a iomaíochas, agus tá sí struchtúrtha de réir naoi spreagthach iomaíochais: feidhmiú an Mhargaidh Aonair, rochtain ar chaipiteal príobháideach, infheistíocht phoiblí agus bonneagar poiblí, taighde agus nuálaíocht, fuinneamh, ciorclaíocht, digitiú, oideachas agus scileanna, agus trádáil agus uathriail straitéiseach oscailte.

an gCoimisiún le 10 mbliana anuas, tugtar le tuiscint gur dócha go mbeidh tionchar dearfach aige ar OTI iarbhír an Aontais le hais na bonnlíne de thart ar 0.6 % go 1.1 % (coibhéis ardú EUR 80 billiún go EUR 150 billiún ar OTI 2019) sa mheántéarma agus san fhadtéarma[166].

*Tábla 8: Coigilteas custaiméirí (meánphointí) 2012-2022*




*Foinse: Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta bunaithe ar shonraí inmheánacha.*

Lean Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta dá cuid oibre ar an tionscadal 'Staid na hIomaíochta san Aontas' in 2023. Is é is cuspóir don tionscadal sin iniúchadh a dhéanamh ar éabhlóid an chomhchruinnithe margaidh agus tionscail ó earnáil go chéile agus ó Bhallstát go chéile agus earnálacha a bhféadfadh mífheidhmiú a bheith iontu a shainaithint. Ina theannta sin, déanfar measúnú ar thairbhí na hiomaíochta agus déanfar na tairbhí sin a thaifeadadh, *inter alia* bunaithe ar anailísí ar chomhchruinniú praghsanna ar leibhéal earnála, samhaltú maicreacnamaíoch, agus suirbhé i measc fiontar. Chuige sin, beidh Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta in ann leas a bhaint as na torthaí ó dhá staidéar ullmhúcháin, staidéar amháin a rinne ECFE (tá coinne leis an tuarascáil deiridh in 2024) agus staidéar eile a rinne sainchomhairleoir seachtrach (fuarthas an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2023, agus tá sí le foilsiú go luath.)

---

[166] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, An tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Archanskaia, E., Cai, M., Cardani, R., *et al.*, *Modelling the macroeconomic impact of competition policy: 2021 update and further development* [Tionchar maicreacnamaíoch an bheartais iomaíochta a shamhaltú: Nuashonrú agus forbairt bhreise 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

## 8. Modhanna oibre Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta a nuachóiriú chun freastal ar riachtanais forfheidhmithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo

### *8.1. Réitigh dhigiteacha ghnó*

Lean Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta leis an gclaochlú ar a modhanna oibre in 2023 i gcomhréir le Straitéis Dhigiteach athbhreithnithe an Choimisiúin[167]. Leathnaíodh úsáid an fheidhmchláir láimhseála cásanna *CASE@EC*. I gcomhthreo leis sin, rinneadh dul chun cinn maith in 2023 ar an obair chun CASE@EC a chur in ionad an tseanchórais bainistithe cásanna le haghaidh forfheidhmiú in aghaidh trustaí agus forfheidhmiú cairtéal, agus tá coinne leis go dtabharfaí an obair i gcrích in 2024.

Lean Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta dá cumarsáid le páirtithe seachtracha a fheabhsú agus a dhigitiú in 2023 freisin. Rinneadh athdhearadh ar an bhfeidhmchlár *COMP Cases*[168] lena bhféadfar cásanna a fhoilsiú agus lena gcabhraítear le saoránaigh agus páirtithe leasmhara seachtracha sonraí poiblí maidir le sonraí iomaíochta a rochtain, a chuardach agus a easpórtáil ar bhealach níos fearr. Thairis sin, tacaítear anois in *ECN2* – an uirlis chomhoibrithe a úsáidtear sa Ghréasán Eorpach Iomaíochta – le comhar forfheidhmiúcháin faoi FSR. Ina theannta sin, uasghrádaíodh roinnt mhaith de na huirlisí a úsáidtear le haghaidh ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, cuir i gcás *eRFI*[169], *eLeniency*[170], *eConfidentiality*[171], chomh maith leis na feidhmchláir *Fógra maidir le státchabhair* (*SANI2*)[172] agus *Tuairisciú* (*SARI2*)[173]. Tá feabhas leanúnach á chur ag Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta ar láimhseáil na n- aighneachtaí a bhaineann le cásanna ar mó a líon ná mar a bhí riamh cheana. Rinneadh athdhearadh ar *eDiscovery* – a bhíonn in úsáid ag foirne cásanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar líon mór doiciméad – in 2023, agus cuireadh feabhas ar an bhfeidhmiúlacht agus ar an eispéireas úsáideoirí.

### *8.2. Anailís ar shonraí agus teicneolaíocht*

Lean Foireann an Phríomhoifigigh Teicneolaíochta – aonad Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta le haghaidh anailiú sonraí agus teicneolaíochta – dá gníomhaíochtaí agus dá forbairt in 2023. Cuireann an fhoireann comhairle ar an gCoimisinéir um Iomaíocht agus ar an Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, déanann an fhoireann gach tionscnamh agus sruth oibre in Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta a bhaineann le sonraí agus le teicneolaíocht a threorú agus a fhormhaoirsiú. Feidhmíonn Foireann an

[167] Teachtaireacht ón gCoimisiún: *European Commission digital strategy – Next generation digital Commission* [Straitéis dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh – An chéad ghlúin eile den Choimisiún Digiteach], C(2022) 4388 final, 30.6.2022.
[168] Féach: https://competition-cases.ec.europa.eu/search
[169] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/mergers/procedures/erfi_ga
[170] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/antitrust-and-cartels/leniency/eleniency_ga
[171] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/index/it-tools/econfidentiality_ga
[172] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/state-aid/legislation/forms-notifications-and-reporting_ga
[173] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/state-aid/overview_ga

Phríomhoifigigh Teicneolaíochta mar ionad barr feabhais le haghaidh uirlisí imscrúdaitheacha digiteacha agus eolaíocht sonraí lena dtacaítear le hionstraimí forfheidhmiúcháin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta. Ina theannta sin, soláthraíonn an fhoireann tacaíocht úrscothach teicneolaíochta faisnéise fóiréinsí (FIT) chomh maith le faisnéis agus cúnamh imscrúdaitheach. Ar deireadh, bíonn ról gníomhach ag an aonad sa líonra saineolaithe imscrúdaithe dhigitigh i meitheal ECN um chosaint sonraí agus forfheidhmiú iomaíochta.

Áirithíonn Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta go gcomhlíonann gach nós imeachta na rialacha maidir le cosaint sonraí, agus áirithíonn sí san am céanna nach mbaintear mí-úsáid as an gcosaint sin chun cur isteach ar imscrúduithe nó chun moill a chur orthu. In 2023, dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta i gCás T-451/20, *Meta*, go raibh an Coimisiún i dteideal sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch imscrúdaithe iomaíochta agus, maidir leis na coimircí nós imeachta a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm, go gcomhlíonann siad oibleagáidí an Choimisiúin faoi rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí ina n- iomláine[174].

### *8.3. Neartú na huirlise sceithireachta*

Oibríonn an Coimisiún uirlis sceithireachta, saoráid lenar féidir le daoine den phobal tuairisc gan ainm a chur isteach má bhraith siad gníomhaíocht chairtéil amhrasta nó gníomhaíochtaí frithiomaíocha eile amhail mí-úsáid a bheith á baint as seasamh margaidh ceannasach. Leathnaigh an Coimisiún raon na huirlise sceithireachta gan ainm i mí Eanáir 2023, lena chur ar a gcumas do dhaoine aonair agus do chuideachtaí sáruithe amhrasta a bhaineann le cumaisc agus le státchabhair a thuairisciú freisin[175].

## 9. Abhcóideacht agus for-rochtain lena dtacaítear leis an mbeartas iomaíochta agus le forfheidhmiú

In 2023, lean an Coimisiún lena ghníomhaíochtaí abhcóideachta agus for-rochtana maidir leis an mbeartas iomaíochta ar leibhéil éagsúla chun tacú le héifeachtacht bheartas iomaíochta an Aontais, agus go háirithe ghlac an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt in imeachtaí agus i bpreasagallaimh, chuaigh sí faoi agallaimh, agus bhí sí rannpháirteach ar na meáin shóisialta. Bhí bainisteoirí sinsearacha in Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta rannpháirteach i ngníomhaíochtaí for-rochtana sna Ballstáit. Leis na gníomhaíochtaí sin, cuirtear le tionscnaimh cumarsáide seachtraí Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta amhail preaseisiúintí, achoimrí ar bheartas, nuachtlitreacha, agus na meáin shóisialta.

In 2023, sheol an Coimisiún sraith díospóireachtaí taistil 'Margaí le haghaidh Daoine' atá ar siúl i gcúig chathair mheánmhéide i gcúig thír éagsúla den Aontas idir mí Aibreáin 2023 agus tús 2024. Tugann an Coimisiún cuireadh do dhaoine mór le rá ó réimsí beartais éagsúla chun díospóireacht a

[174] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 24.5.2023 i gCás T-451/20, *Meta Platforms Ireland v an Coimisiún*, EU:T:2023:276.
[175] Féach: https://competition-policy.ec.europa.eu/index/whistleblower_ga.

dhéanamh faoi thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an bheartais iomaíochta ar shaol daoine. Cinntear na suíomhanna, na cainteoirí agus na topaicí i gcomhar leis na hÚdaráis Iomaíochta Náisiúnta, Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit, agus lárionaid áitiúla Europe Direct. Reáchtáladh an chéad díospóireacht i mí Aibreáin 2023 in Modena na hIodáile, reáchtáladh an dara díospóireacht in Salzburg na hOstaire i mí an Mheithimh 2023, reáchtáladh an tríú díospóireacht in Salamanca na Spáinne i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus reáchtáladh an ceathrú díospóireacht in Brno na Seicia i mí na Nollag 2023.

I mí an Mheithimh 2023, mar chuid dá mheastóireacht leanúnach ar Rialachán 1/2003 freisin, rinne an Coimisiún ceiliúradh ar fhiche bliain d'fhorfheidhmiú an Aontais in aghaidh trustaí faoi Rialachán 1/2003 le comhdháil sa Bhruiséil. Tugadh le chéile ann lucht forfheidhmiúcháin, cleachtóirí príobháideacha, abhcóidí inmheánacha, agus an lucht léinn chun plé agus machnamh a dhéanamh ar mhórghníomhartha, ar riachtanais agus ar dhúshláin an chreata nós imeachta reatha in aghaidh trustaí.

## 10. An beartas iomaíochta i gcomhthéacs Eorpach agus domhanda

### *10.1 Cur le chéile chun cultúr iomaíochta Eorpach agus domhanda a chruthú*

#### *Comhtháthú beartais tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta*

Ó bhí 2004 ann, téann an Coimisiún agus na húdaráis iomaíochta náisiúnta i ngach Ballstát den Aontas i gcomhar le chéile tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN)[176]. Is é is cuspóir do ECN a áirithiú go ndéantar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach comhleanúnach in aghaidh cuideachtaí a ghabhann do chleachtais ghnó lena sriantar an iomaíocht agus a bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad difear don trádáil idir Ballstáit an Aontais. Lean an Coimisiún de chur i bhfeidhm comhleanúnach Rialachán 1/2003 a chosaint trí ECN in 2023. Cuimsítear sa Rialachán dhá shásra lena dtacaítear leis an gcomhar. Ar an gcéad dul síos, cuireann na húdaráis iomaíochta náisiúnta an Coimisiún ar an eolas faoi aon imscrúdú nua ag céim an chéad bhirt imscrúdaithigh fhoirmiúil. Ar an dara dul síos, téann na húdaráis iomaíochta náisiúnta i gcomhar leis an gCoimisiún roimh chineálacha áirithe cinntí a ghlacadh. Cuireadh tús le 140 imscrúdú nua laistigh den ghréasán agus cuireadh 88 gcinneadh bheartaithe faoi bhráid an Choimisiúin in 2023.

Áirithítear freisin le sruthanna oibre eile laistigh de ECN forfheidhmiú comhleanúnach an bheartais iomaíochta san Aontas. Bíonn cruinnithe rialta ag comhaltaí ECN chun idirphlé a dhéanamh i dtaca le cásanna, saincheisteanna beartais agus ábhair a mbaineann tábhacht straitéiseach leo. In 2023, reáchtáladh 48 gcruinniú thar mheithleacha cothrománacha agus foghrúpaí a bhaineann go sonrach le hearnáil ar leith, ina ndearna saineolaithe ar an iomaíocht ó na húdaráis éagsúla tuairimí a mhalartú agus dea-chleachtais a iniúchadh.

---

[176] Fógra ón gCoimisiún faoi chomhar laistigh de Ghréasán na nÚdarás Iomaíochta, IO C 101, 27.4.2004, lch. 43 agus IO C 374, 13.10.2016, lch. 10.

*Idirphlé idirinstitiúideach leanúnach cuiditheach*

Is comhpháirtithe tábhachtacha don Choimisiún iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún san idirphlé leanúnach maidir leis an mbeartas iomaíochta.

I bParlaimint na hEorpa, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt i roinnt malartuithe tuairimí nó idirphlé struchtúrtha in 2023, lena n- áirítear leis an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, leis an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, leis an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, agus leis an gCoiste um Ghnóthaí Reachtacha. Ina theannta sin, ghlac an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt i ndíospóireachtaí iomlánacha maidir leis an mbeartas iomaíochta agus maidir le freagairt an Aontais ar Acht na Stát Aontaithe um Boilsciú a Laghdú.

Sa Chomhairle, ghlac an Leas- Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager páirt in 2023 i malartuithe tuairimí agus i ndíospóireachtaí maidir le cúrsaí beartais iomaíochta agus maidir leis an iomaíochas fadtéarmach agus leis an táirgiúlacht fhadtéarmach, lena n- áirítear i roinnt cruinnithe den Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach agus an tionsclaíocht).

## *10.2. Comhar maidir le beartas iomaíochta ar fud an domhain*

### *Caidreamh iltaobhach*

In 2023, lean an Coimisiún de pháirt a ghlacadh go gníomhach i bhfóraim iomaíochta idirnáisiúnta amhail Coiste Iomaíochta ECFE, an Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht, inar lean an Coimisiún dá ról 3 bliana mar chomhchathaoirleach ar an Meitheal um Chumaisc, agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD). Lean an Coimisiún lena iarrachtaí chun feabhas a chur ar rialacha idirnáisiúnta maidir le fóirdheontais. Tá athchóiriú na rialacha maidir le fóirdheontais ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais Eorpaigh le haghaidh nuachóiriú rialacha trádála EDT.

### *Caidreamh déthaobhach*

I mí an Mhárta 2023, thionóil an Coimisiún agus Údaráis Iomaíochta na Stát Aontaithe an tríú cruinniú den Idirphlé Comhpháirteach maidir leis an mBeartas Iomaíochta Teicneolaíochta, inar pléigh siad iarrachtaí comhair chun iomaíocht chóir san earnáil dhigiteach a áirithiú agus a chur chun cinn. Reáchtáladh an 4ú cruinniú aireachta faoin gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe i mí na Bealtaine 2023.

Lean an Coimisiún dá chomhar maidir le beartas iomaíochta le tríú tíortha in 2023, lena n- áirítear cláir um chomhar teicniúil le roinnt tíortha san Áise[177] agus san Afraic[178]. Lean an Coimisiún den

[177] Féach: https://asia.competitioncooperation.eu/
[178] Féach: https://africa.competitioncooperation.eu/

chaibidlíocht chun Comhaontuithe Saorthrádála (FTAnna) a thabhairt i gcrích leis an Astráil, an India, an Indinéis, an Téalainn, agus tíortha ESA5[179].

A mhéid a bhaineann le tíortha is iarrthóirí[180] agus iarrthóirí ionchasacha[181] ar mhéadú an Aontais, is é is príomhchuspóir beartais don Aontas cabhrú leo trí dheis a thabhairt dóibh dul i bpáirt leis an Aontas chun na critéir bhallraíochta a chomhlíonadh mar a shainítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus mar a shainíonn an Chomhairle Eorpach[182]. Mar shampla, tugann an Coimisiún cúnamh do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha chun a gcreataí dlíthiúla maidir le dlí in aghaidh trustaí, maidir le cumaisc agus maidir le státchabhair a ailíniú le *acquis* an Aontais agus chun údaráis iomaíochta atá dea-fheidhmiúil agus neamhspleách ar bhonn oibríochtúil a fhorbairt.

I mí na Samhna 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach a Phacáiste um Méadú, 2023, ina soláthraítear measúnú mionsonraithe ar staid na himeartha agus ar an dul chun cinn atá déanta ag na Balcáin Thiar, ag an Tuirc, ag an tSeoirsia, ag an Moldóiv agus ag an Úcráin maidir lena mbealaí faoi seach i dtreo an Aontais Eorpaigh[183]. Agus na torthaí a bhain an Úcráin agus an Mholdóiv amach, agus na hiarrachtaí athchóirithe leanúnacha, á gcur san áireamh, mhol an Choimisiún go gcuirfeadh an Chomhairle Eorpach tús leis an gcaibidlíocht aontachais leis an dá thír, ar choinníoll go ndéanfaí bearta áirithe[184].

I gcás na Seoirsia, mhol an Coimisiún go dtabharfadh an Chomhairle Eorpach an stádas mar thír is iarrthóir di ar an tuiscint go ndéanfar roinnt beart[185].

---

[179] Cúig thír in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice: Oileáin Chomóra, Madagascar, Oileán Mhuirís, na Séiséil agus an tSiombáib.

[180] Tíortha ar thug an Chomhairle Eorpach stádas mar thír is iarrthóir dóibh ar bhonn moladh ón gCoimisiún Eorpach: an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia, an tSeoirsia, an Tuirc agus an Úcráin.


[181] Iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas Eorpach: an Chosaiv.

[182] Chun tuilleadh sonraí a fháil ar na critéir bhallraíochta, féach: https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/conditions-membership_en

[183] Féach: https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/strategy-and-reports_ga

[184] An 14 Nollaig 2023, chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus leis an Moldóiv. Thug an Chomhairle Eorpach cuireadh don Chomhairle na creataí caibidlíochta faoi seach a ghlacadh nuair a dhéanfar na bearta ábhartha a leagtar amach i moltaí an Choimisiúin faoi seach an 8 Samhain 2023.

[185] An 14 Nollaig 2023, thug an Chomhairle Eorpach an stádas mar thír is iarrthóir don tSeoirsia, ar an tuiscint go ndéanfar na bearta ábhartha a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023.


2023
SRACFHÉACHAINT AR
FÓIRDHEONTAIS EACHTRACHA
Tháinig an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i bhfeidhm
Eanáir 2023
IDIRNÁISIÚNTA
Seachtain Iomaíochta AE-an Afraic agus Comhdháil
Feabhra 2023
BEARTAS
Glacadh an Teachtaireacht in aghaidh Trustaí lena leasaítear an Treoirpháipéar maidir le hAirteagal 102
Márta 2023
BEARTAS
Glacadh an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh Bearta Státchabhrac (TCTF)
Márta 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh maidir le gealltanais Chéim II i ndáil le Orange/Voo/Brutélé
Márta 2023
IDIRNÁISIÚNTA
An Tríú hIdirphlé Comhpháirteach Idirnáisiúnta AE-SAM maidir le Beartas Iomaíochta Teicneolaíochta
Márta 2023
BEARTAS
Glacadh an Pacáiste Simplithe maidir le Cumaisc
Aibreán 2023
AN GNÍOMH UM MARGAÍ DIGITEACHA
Glacadh an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha
Aibreán 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh maidir le gealltanais Chéim II i ndáil le Microsoft/Activision
Bealtaine 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh maidir le gealltanais Chéim II i ndáil le MOL/OMV Slovenija
Bealtaine 2023
BEARTAS
Glacadh an Rialachán Chothrománacha maidir le Blocdhíolúine
Meitheamh 2023
BEARTAS
Comhdháil maidir le Rialachán 1/2003 a bheith ar an bhfód le 20 bliain
Meitheamh 2023
BEARTAS
Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine i bhfianaise ghlacadh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip
Meitheamh 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh maidir le gealltanais Chéim II i ndáil le Vivendi/Lagardère
Meitheamh 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Ráiteas Agóidí maidir le Google Adtech
Meitheamh 2023
RIALÚ STÁTCHABHRACH
An dara IPCEI maidir le Micril-eictreonaic
Meitheamh 2023
RÉITIGH DHIGITEACHA
Uirlis cuardaigh ar chásanna COMP
Meitheamh 2023
BEARTAS
Glacadh Treoirlínte Cothrománacha
Iúil 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh maidir le gealltanais Chéim II i ndáil le Broadcom/VMware
Iúil 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh fíneála de bhun Airteagal 14 i ndáil le Illumina/Grail
Iúil 2023
FÓIRDHEONTAIS EACHTRACHA
Glacadh an Rialachán Cur Chun Feidhme i ndáil leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha
Iúil 2023
IDIRNÁISIÚNTA
Scoil Samhraidh AE-na hÁise maidir le hIomaíocht
Iúil 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh toirmisc maidir le Booking/eTraveli
Meán Fómhair 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Cinneadh fíneála maidir le Intel
Meán Fómhair 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Cinneadh fíneála maidir le Gránáidí Láimhe
Meán Fómhair 2023
AN GNÍOMH UM MARGAÍ DIGITEACHA
Ainmníodh sé gheatóir faoin nGníomh um Margaí Digiteacha
Meán Fómhair 2023
BEARTAS
Glacadh an Rialachán de minimis maidir le hIascaigh
Deireadh Fómhair 2023
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
Cinneadh de bhun Airteagal 8(4)(a) (bearta athbhunúcháin) maidir le Illumina/Grail
Deireadh Fómhair 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Cinneadh fíneála maidir le SNBB
Deireadh Fómhair 2023
IDIRNÁISIÚNTA
Comhdháil Bhliantúil an Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht in Barcelona
Deireadh Fómhair 2023
BEARTAS
Leathnaíodh go páirteach an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh Bearta Státchabhrach
Samhain 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Cinneadh fíneála maidir le Bannaí a Ainmnítear in Euro
Samhain 2023
IDIRNÁISIÚNTA
Cruinniú Mullaigh Comhpháirteach d'Fhorfheidhmitheoirí Iomaíochta agus Lucht Ceaptha Beartais G7
Samhain 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
Cinneadh fíneála maidir le Tagarmharcanna Eatanóil
Nollaig 2023
BEARTAS
Glacadh Treoirlínte maidir leis an Maolú ar Bhearta in aghaidh Trustaí i ndáil le Comhaontuithe Inbhuanaitheachta i réimse na Talmhaíochta
Nollaig 2023
RIALÚ STÁTCHABHRACH
IPCEI maidir le Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile
Nollaig 2023
BEARTAS
Rialachán maidir le Díolúintí le haghaidh méideanna beaga cabhrach ar mhaithe le SGEInna (cabhair de minimis do SGEInna)
Nollaig 2023
BEARTAS
Státchabhair – díolúintí le haghaidh méideanna beaga cabhrach (cabhair de minimis)
Nollaig 2023
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
7 gcigireacht neamhfhógartha
6 Ráiteas Agóidí
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
5 Chinneadh Chríochnaitheacha
FORFHEIDHMIÚ IN AGHAIDH TRUSTAÍ
€465 Mhilliún i bhfíneálacha
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
333 Chinneadh Chríochnaitheacha
1 Chinneadh Fíneála
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
1 Chinneadh de bhun Airteagal 8(4)(a) (bearta athbhunúcháin)
1 Toirmeasc
FORFHEIDHMIÚ CUMASC
1 Fhógra tarraingthe siar (an dara céim)
9 gCinneadh Ghealltanais
RIALÚ STÁTCHABHRACH
~220 Cinneadh TCF agus TCTF
~620 Cinneadh san iomlán
ABHCÓIDEACHT
Sraith díospóireachtaí ar camchuairt dar teideal Markets for People
Craolta gréasáin dar teideal Let's Talk Competition